- 82 De uma amra de glain glanmais cia darima  
cruth maith clarach feb doralad fo bail bríghi
- 83 Doluid cuco ingen imgel co feib ndelba  
ba cain a gart tuchtach a tlacht mas a menma
- 84 Dobert doib an ingen chaisse sasadh sognas  
dalais forro ni dán findmas lind slán sombllass
- 85 In treas laithe a n-indsi a n-echtras auru  
lotar for rian ba himrum cian gním a gainniu

## XVII.

- 86 Raised d'inis narbo dermair co ndun dangen  
sondach uma fair co ndrúine clothach caingean
- 87 Linn aibind ard immon sondach sorchó seclaib  
os moing mara droiched glana for a belaiþ
- 88 Nocindtis suas ind ocbud dian chendmas calmaib  
tuitidis siss ba buan a cis *dochum* talman
- 89 Doluidh chuco i tlacht etrecht gili geisi  
ben munghel mín cen báis na brigh co ngním ngleisi

---

80 isind inis ndingnæ oga ocoboth (*sic leg.*) mbuaidh  
rigdhæ rignæ 81 indsiu toledæ finnmas alainn indma de ór  
dg druimnech 82 ciadrimhe feib arrál- brighe 83 deluid  
delbdæ atlach mass a menmæ 84 debert an *om.* (*sic leg.*)  
caisi sásad daliss fombllass YBL. 85 *om.* 86 Roisset  
de iniss dermar ondun daingen sonnuch umæ ba ndrúine  
clothuch caingen 87 lind oibind sorchæ mauræ droichit  
ar a 88 sós an ocbad cendmass *read* calmam? tutedis  
sis fa buan an cis 89 doluid cuco gesiu basí na brigh  
*om.* glesi



- 90 Imeall d'or dirg imm a findbrat ba cain caindleach  
 asso argait imm a cosa sosradh saindrath
- 91 Bretnas banbras for a bruinde d'arged amra  
 cona ecor dé ór fo snim gním as cadlu
- 92 Folt findbuidhi os a mullach fo neim orda  
 cain a cemend rigdha a remend masa mordha
- 93 I n-ichtar in drochaid dermair næmda nemedh  
 tipra tongdhan corp cain comla dodoemeth
- 94 Dalais fiadaib in dornachdæn ba gnim combras  
 in bean findmor cen nach n-imrol lind sær somblas
- 95 Asbert frie German glorach aithesc n-adlaic  
 as ingnadh ferdaigis friind cid nach tairnic
- 96 Luidh hí uaidib is dunais an dun sær subach  
 canais a lín ba forbrech brigh ceol cain cubach
- 97 Dodoralaiigh a clais ceöldai cruth adralath  
 doluid chucu ben cen rucco arna marach
- 98 Batar samlaidh fon ænehuma co tres laithi  
 arrospedet ceól cen letedh na mna maithe
- 99 Dodaideraith do tigh dermair os lir lendbras  
 dobreth doib proind cain coir la lind somblas

90 imbeul do ór dirg      assa      cossa sosadh sainreth  
 91 bruindib d'arged amræ    is cadlæ      92 finnuidhe ossa  
 mulduch    ordæ    rigde remend massa mordæ      93 drochid  
 næmdæ      tiprai      comlæ      dodaemhend (*leg.* do-da-emed)  
 94 dalis      in dornach doen      ben      cinach      soer sombluss  
 95 isbert    cainaithesc (*perperam*)    frini (friin?)    96 luid    i  
 is *om.*    soer    brigh ceul    cub<sup>-</sup>    97 dodaralich (*read* do-da-  
 ralaig) a claiiss ceouldæ    deluid eucco    ruccæ    baruch    98 oen-  
 chumæ    lathi    aruspetiud ceul cen letech    mná maithi    99 tich  
 leudbrass    depert    lia lind sombluss

- 100 Asbert an ben anmann amræ cen gnim nduabais  
ni bo mímes a ainm dileas for each uaidib  
101 Intan conaítecht don tuisineh friã toil tetath  
asbert *itir* nochon fitir pecadh bétach  
102 Ní mosraidhit cen enit crabaith in feib irsi  
co rolind duib iarfaithigh ruin ina hinsí  
103 Intan diuctraiset iar maitin hi creit *churaigh*  
ní fesadh dál an inis án cidh adrulaidh

## XVIII.

- 104 Roeluintis tuaidh tar fairge fuaim comall crodhæ  
acht ba dobnur *amal* foghur na class ceoldæ  
105 Tar rian roglas recad iarsin seith iar n-imrum  
condarala bale a raba enlaith ingnadh

## XIX.

- 106 Adciat iarsin a n-indsi mbice senoir salmach  
digrais a delb *sochraidh* tsærdha næmdha a labradh  
107 Folt a chind chain-tugthach tlaecht an fuan co findi  
lighdaeh lendbras tonach dendmas robai immi  
108 Isbert fris an tuisceach digrais can dotráidhed  
ní chel auraib an condagaigh: a tir Gædhel

---

100 asbert ierum in ben anmann nuabais ni ba diles  
101 an tuiscech thetath isbert mbethluth (*leg.* mbétach)  
102 ní moraidhid crabaíd hirsí iarfaicht hinsí  
103 antain diuchtraiset ier curaich fessad an iniss án cid  
atrulaidh 104 tuaid fairce bá na bis YBL. ceuldæ  
105 recaid (*leg.* recait) iersin seithæ baili iraipe enloith  
106 bic soerdæ noemda a labradh (*sic leg.*) 107 eind cain  
tuchtach finne ligach lendmass dendbras robniimme (*leg.*  
imbi) 108 tuiscech dotroedhedh (*leg.* dotróided) ní cel  
condaighead (*leg.* condaigil) Gæidel

- 109 Mo ailithri an dotorburt een nach taithebech  
 hi críes curaich os tuind dulaigh-ni bo haithreach—
- 110 Seailis foam mo e[h]urach crom os muir bhorrbráis  
 romuc do thír seól serb snimach gnimach tonnmais
- 111 Léosu fíot de bend leithglais tíre m'athar  
 co baile atú is cian [in clú] domuc athach
- 112 Fotaighis fum an ri randmais den fot amra  
 indsi n-aibind co ndath failind lir os abhrú
- 113 Tormaighther dam traig gach bliadain for and inis  
 as buadhach band *oens* crand tuindi uas trilis
- 114 Domairiuc sund tipra thondglan-suthain sásadh-  
 tre rath n-aingeal praind cain caemdha næmdha násadh
- 115 Riefaidh huile do bar tírib-toirt[h]eoch tædhen—  
 romra tar rian cidh imrum cian acht mad ænfer
- 116 Tre rath n-angel do gach ænfer dib do airicc  
 lethbairghen lan *oens* ordo an do fuiric

## XX.

- 117 Tres laithe lán rucsat cem ngrind hi cræs curaigh  
 tond tim thana condarala for sét subaigh

---

109 anadorobart dulaich aithriuch 110 scoilis fom moir  
 bhorrbrass (*sic leg.*) rommuc tonnmass (*sic leg.*) 111 leóse  
 fout de beind moathar bali hitú in clú dommuc 112 fom  
 andri rindbale den fot amræ (*leg.* amru) insi noibinn abrai  
 113 tormaiger cachæ bliadne for an is bann 7 dam crand  
 tuinne os 114 domairnicc sunn tonnglan sásad tria  
 proinn cain *om.* caemd hæ næmdæ 115 riefaidh uli do far  
 toeden oenfer 116 trie naingel cech oinfer diib ordu  
 an f dofairic 117 laithi laun ngrinn a craes tonu tren  
 tanu condorall subæ

- 118 Hós tuind trillsigh adchíd inis co mur ordha  
 lar cain clumdhai talum dlumdai fo miadh mordha  
 119 Find a chuirp chain caslais dar ais alaind indbas  
 ina medon robói senoir hi tlachit findmass  
 120 Asbert fris an tuissech digraiss can dnit sassadh  
 tathum o dia praind chain chaemdha naemda nasadh  
 121 Ata im farrudh tibra tonðglan riagloir rigda  
 co tosee dam friam thoisce cen nach ndíghna  
 122 Medhguisce mín isna háinib cuirm a ndomnach  
 le fe[i]l mairtir nocho terebít cain co comluth  
 123 Hi feil[ib] apstail *ocus* Eoin is Muire  
 coirm coir combras lind slan somblas nach cian gaire  
 124 Fin a sollumnaib in airdrigh inna n-huile  
 Isso uasal amra abán maccan Muire  
 125 Lethbairghen *ocus* ordo eise mair milis  
 a trib laithib praind cen mait[h]im doib 'san inis

## XXI.

- 126 Lotar iarsin tar rian ré[i]dmass mara mordhai  
 do inis a mbítis cruth adchitis gobaind chrodhai

118 hós tuinn atcid nordæ tolam dlumdæ mordhæ  
 119 fim a chuirp chruirp *YBL.* chaslais darais alainn innbass  
 ina medon bui senoir finmass 120 ris an taissech dit  
 sássadh cain coemhdæ nássadh 121 tibræ rigdæ taosce  
 frim ndingnæ 122 medcoisce coirm i la feil martir  
 nico terebit a cobluth 123 inn aps *read* i féilib apstal  
 Eouin Mairi comras linn somblais is cian gairiu 124 sol-  
 lamnaib inn nhuili Isu amræ 125 ordæ esc mar (leg.  
 inmar?) miliss hi maithim doib oss inis 126 iersin maru  
 mordhæ *read* d'insi i mbítis adchitis gabainn crodæ

- 127 Isbert fiadaib fer mor muirnech cerdehæ o dorus  
adeiu imram n-alaind n-indrath tar sál solus
- 128 I n-amur biuc macradh combras ratai romuir  
tricha n-imrom foirend ingnadh co ngnim opaith
- 129 Frithraith bar curach fur culo ol an tuisseach  
bann co mbuadhaib lotar uadhaib for ler luisech
- 130 Intan rathaisset an gobaind ba dian teiched  
ina ndiaidh ceim frithledh rosgab greifel
- 131 Adreith fer dib tenchoir ndermair co mbruth festa  
ba gein n-angbaigh taile a tarrgraidh co ngnim clesta
- 132 Rofich an fairge ina farrudh den bruth brothach  
immorala tond tim tana ba gnim clothach

## XXII.

- 133 Foscerd iarsin for rian roglas co ndath glanna  
fodeice síis ba buan a chis grian an mara

## XXIII.

- 134 Raisid dè chein for muir n-ingnadh amail niulla  
duine foaib crotho coair cid bud ciunna

127 adciu naluind ningnad (*sic leg.*) saul 128 a n-am-  
mur bic macraid comrass ratae (*leg. ráte*) n-imramh obidh  
129 bur culæ in leur lúisech 130 Here a different  
*hand begins in H* in gobaind frithleid crepeal 131 atret  
fer diu tencuir beasda gen nangbadh targraig 132 inn  
fairci inna farrud immoirala toim timh tano 133 glana  
(*leg. glano*) fodeici doiu síis in mara (*leg. fodere síis ba búan*  
a chis griän in maro) 134 rasid di niula foibh coir  
ciunna

- 135 Isan tír-sin ina mbatar inna doene  
 bóí beist angbáidh hi crund gablaigh cen nach caile
- 136 Adret fiadhaib in beist bírich ara-canom  
 rodam riada tech a ciana uadh in alam
- 137 Teich la sodhain an buachall bale-ba mo ailliu —  
 arna chrassad an best bassach-gnim is grainnu

## XXIV.

- 138 Ba d'ingantaib inna fairrgi fordorala  
 inis acerach alaind atrab oss moing mara
- 139 Rala ind fairrge mur de decraib imma fuiriuth  
 raiset impe ba crích cindte cen nach cuiriuth
- 140 Eigsit impu druing dein duine de muig mellach  
 batar dichra cuire griphtha oc a selladh
- 141 Cosmuil léo fri drungu duine dia rotairrngredh  
 imdell n-oirgne do foirinn fairrge coscor aignech
- 142 Dosndiubraicedh suas bean mongfind mín eo enouib cainib  
 nosbertis leó-gnim a céo-massa muinib

## XXV.

- 143 Adchit iar techt a craes curaigh sæn[s]ruth sechta  
 asa rethaid sruaim slan solus dorus lecdha

---

135 forsa mbatar doeni (*leg.* dóini) búí crunn gablach  
 (*sic leg.*) caili (*leg.* cóili) 136 hiderit (!) birach (*sic leg.*)  
 canam teich hi (*sic leg.*) uadh om. ind alam 137 teichí  
 in buachaill bo mailliu chrassad in beisd bossach is gainniu  
 (*leg.* as gráindiu) 138 na is 139 rola inn fairci ind  
 bis YBL. fuiriuth raisit cindti curiuth 140 den maig  
 dichraí cuire griphthaí oco 141 die tairgeredh noirgni do  
 fairium (*leg.* d'fairinn) YBL. has foirín, the facs. has foirin  
 fairrgi 142 dosniburcead omit suas and co hi céo  
 143 croes sainriuth seacda (*sic leg.*) assa rethad leacda

- 144 Cingid tuagh den tsruth tarsan indsi nirbo bine  
 aтраig suas ba solus cosan dorus n-alaind n-aile  
 145 Doreithed doib asan tsruth-sin iasc bailec bedhgach  
 nochó n-antais cei noantais occa treghdagh  
 146 Amser domnaigh nicon rethed an sruth slan-sain  
 dond eseirghi urdaire amrai cadlai an grádh-sain  
 147 Rucsad imadh an eise amrai [inna curach]  
 rosla iarsin for rian roglach fong dian dulach

## XXVI.

- 148 Rásit iarsain du dosfaircedh os ind romuir  
 seghdha sainnreth ba laindrech argait sobuil  
 149 Assa mulluch [in]na hocht slisne cen chiardath  
 sreatha fabaigh lín ilargait bain tar sál siarmagh  
 150 Luidh an curach for a mormocoll in lína  
 lemend luatha fa tar buadhcha inna brigha  
 151 Cia rochluntis guth mín mormas di lie laindech  
 ní tuic nech dib cia gnim co mbrigh sonaise slaindech  
 152 Nit findtais ciaso mor sessan dodráidhet  
 in bo duine fa nech aile donotgláhdhad  
 153 Letrais Diuran donn lie laindrech fedma feidhil  
 coic leathunga bass truma ar m[b]ad deimin

---

144 cingit tarsin innsi (*read tar insi?*) omit suas  
 cussin (*read co*) 145 doreted (*read doreith doib*) asin sain  
 balc (*sic leg.*) nicon cen treachtagh 146 in sruth  
 uirdaire amra cadla 147 rucsad immat n-esg amra in curach  
 iersin tulach (*perperam*) 148 du *written over* do YBL.  
 coua lannrech (*sic leg.*) 149 inda sreta il om. (*sic leg.*)  
*leg. sál* 150 fa thar briga 151 rochluntis líe laindech  
 152 sesan nodradett donatgláhdhatth 153 Diurán don  
 feidil lethunga bassi trumma armbadh (*sic leg.*)

- 154 Dosrat iarsin for altoir Patraic bind buadhaigh  
ar mbadh demin a fír feidhíl fiadh na sluagaib

## XXVII.

- 155 Lotar iarsin d'indsi ingnaidh os rían romra  
for cois hiairnd ní bo diairm all fri homna  
156 Intain conraised techta uaidhib isan inis  
ní frith dorus ar mbadh solos tuind nas trilis  
157 Acht domuintis ba i n-ichtur cen ba solus  
inna coise máire maisi bóí a dorus  
158 Arathar inte *ocus cethra* mellecha muine  
cen congairtis nocosluintis inna duine

## XXVIII.

- 159 Inis samlaid tulach inte dun dond dænbras  
dian dorala dar rian re[i]dmas tond dian tæbglas  
160 Ingeinridh inte eo feib ndelbdhai cruth adchitis  
soreho gach lind fothorcadh find oca mbitis  
161 Tanic chuce a mathair mormaiss for eoch aighnech  
oir doromalt an fíal findneach dian donairleath  
162 Asbert friu dia n-anai[d] sund báss ní[b]bera  
sosadh særbras tlacht mín mæthmass and fogeba

---

154 bind *om.* arbam *read* fír fiana 155 do ingnatth  
iarnuinn ní ba dianmall 156 intain con *om.*, *space left vacant.*  
*Read* tain roithset isin n-inis (*sic leg.*) armad tonn os (*sic*  
*leg.*) 157 cein ba solos caissi moire 158 aratus (*sic*)  
indti (*leg. indi*) cein nochas claidiss inda (*leg. móini: dóini*)  
159 inde (*leg. indi*) doenbras tonn toephglas 160 ingenredh  
(*sic leg.*) inti (*leg. indi*) delbdai atchidis sorca linn fothra-  
cadh 161 cuca mormass aighnech or inn finnech  
ronairleath (*sic leg.*) 162 anaid and *om.*



- 163 Nach tan nosbert eolchaire n-oll fo rian roglass  
nosbert for cul ní cheil an dun ben bán ballmass
- 164 Tiagh-sa each dia iar ndith an rig do glend duine  
fairsing ar sith it he fognith sretha suire
- 165 Focherdet doib certle cruindechoir for an tuiseach  
rolil dia laim rucad don traigh an læch loingsech
- 166 Leotta fo deoidh lam laich lee nachad-fuirrseth  
golais dia n-eis fri rian roimsech slogh dian toirsech

## XXIX.

- 167 Insi aile dia nostarla tond don tuile  
fidbuth uase cain a bolath toradh fuirre
- 168 Crannu inti amail tsailich sreatha sainiu  
bolco orro andso a sseit meit chend daini
- 169 A cirt *chr*andcoir fromais Mæl duin sugh na mbolg-sain  
*ocus* focerd a suan samdha amra an t-ord-sain
- 170 Conmesesat doib sugh na mbol[c]-sa *ocus* uisee  
ba sasad slan lind baighech ban ba gnim cuisele

## XXX.

- 171 Lotar iarsin la seol ngaithe gair gan thuile  
ní seolad fand fuaratar and indsi n-aile

---

163 rospert for rian ninceil in bán phallmass 164 In  
*H* this rightly precedes 163. in (*omittendum*) gleudh (*sic leg.*)  
*read* dóine fairsiung *read* sóire 165 focierteth (*leg.*  
foceird doib) ceirtli choir *om.* (*omit* cruind and *read* coir)  
for a dtuisech in loech luisiuch 166 leota læch nach  
fuirseth for rian 167 *read* tuili fidbadh huasi boltud  
*read* fuirri 168 inde (*leg.* indi) saillich sret assaine bolca  
forra ansa a seit cinn duine 169 *chr*annchuir promhois  
mbolesain *ocus om.* sin 170 mbolesain linn buidhech pán  
cuinseli 171 gan tuile (*leg.* tuili) seol fand co *read* aili

- 172 Eelas indti ina medón mo gach iris  
cleireach sruith sen is e fer bóí isan inis
- 173 Doluid cucco an cleirech glaisliath clot[h]ach taidhen  
lotar dia laim senais don daim a tir Gaidheal
- 174 Can duit ar Mael duin a clerigh cain co hidhan  
adbert co glan do muntir dam Brenaind Birra
- 175 Ba hedh a hécese na hindsí tír mblaith mbuidhech  
loch for a lár tred már do chairib la fuireath
- 176 Iarsin dossice seigh mar don muir co meit mbrotha  
gesca na crub co ndessig for ur an locha
- 177 Lomair coin aille aile an crand cuisele  
craeb choir co rrath dorat dath derg forsan uisce
- 178 Dosfuil uile fothib aqil amra  
én ard uasal co meit mbrotha crotha calma
- 179 Fothraicis and an t-en dermair tue a n-eire  
ba ferrde a gne ba treissidiú hé for gach ndele
- 180 Luid isan loch Diuran leiccerd ni leim n[d]iartain  
ba slan dia *churp* gan creidhim for fult na fiaccail

## XXXI.

- 181 Adchiat iarsin daine os muigh indsi aille  
ba hé a mbés inti dogres cluiche is gaire

---

172 inde (*leg. indi*) cac is cleireach isin 173 cuigi  
in toidhen 174 Phirair (*leg. Birar; cf. Brendain Biror,*  
AU. 564, abbas Biror, ib. 749.) 175 omit a ina loc cæriph  
176 *leg. dosnic mor motlach commet brotha ina co ndessidh*  
(*sic leg.*) 177 *leg. lomairset a crann (sic leg.) coisele in*  
craeb coir co rath foran 178 *Two syllables wanting.* foithib  
én met protha crotha *bis* YBL. 179 in innere tressidi  
é each ndele 180 isin lecerd ndiartain *credim fiacuil*  
181 duine (*leg. dóini*) maigh aildi (*leg. áilde*) inde (*leg. indi*)

- 182 Luidh fer uaidhib do iarfaighidh eíd foghnitis  
nimbi foglas fonn gean combrass oca mbitis
- 183 Is he faidhis a cirt *chrondchair* de muin tuinde  
on tuiséach dian an fer find fial mac a muime
- 184 Anais leo acon cluiche fa modh mellach  
grinne cen taithleach cen connaichnedhsom asenadh
- 185 Trógh an iartaighi an trír bráthar tibtis namaít  
co a munntir mín eíd h ænfer dib nocho tainic

## XXXII.

- 186 Saghait iarsin inis n-ingnaidh seol seng snimach  
imma mbi a medon mara mur mbale mbrigach
- 187 Sochraidhi an slnag toicthech an tuath duine an duin-sin  
tendtidhe an tor focert crib cor immon mur-sain
- 188 Atelitis *dano* triasan tor-sin forsín dorús  
atreab n-alaind crotha gradhuill sochla hsolus
- 189 Daine caine maithe maine sreth[a] sotla  
lestrái laindreach dergór druimneich tlachta corerai
- 190 Atachitis *ocón* fleghol cen nach n-anadh  
nocho laimtis ara cuirtis isin caladh

## XXXIII.

- 191 O roimraised co ciana la síth subach  
immosrála os moing mara tond dian dulach

---

182 iarfaighidh diph nimpui fon gein comras 183 foitis  
(leg. fóitir) tuinne tuisiuch dian fer fionn *Here H breaks  
off (fol. 20<sup>b</sup>).* 185 read Tróg iartaige in triir bráthar 187  
leg. sochraid leg. dóini 188 leg. dno forsín bis YBL.  
189 leg. dóini cáini maithi móini leg. druimnech

- 192 Atehiat iarsin for carraic and-alt cen time —  
fer fa cam c[h]uirp mong a fuilt do edach uime
- 193 Raisit chuice gnim as dano-radh as reiliu  
triã mberla mbán bendachais gach ndámh do cheile
- 194 Can dotrala sund ar saile-seol cen timbe —  
o Thoraigh dam robói tan ba coic-si inde
- 195 Indmass dermar dobreth dam ni dal co coire  
slatra in lathar indmaiss brathar do creic aire
- 196 Lot-sa féchtas do adhnacol ba mór bine —  
asbert guth nãm na tue an clæn for mo lighe
- 197 OI ma dhoghne bid ifirnn duit tan adbela  
iar ndul ar cel rotfia-sa nem mané dhéna
- 198 Madh a n-adhnacol ní camais-gnim as béodhu —  
ba fir le luag linsai co luath uir co beolu
- 199 Mór nogataind ba-sa foglaid dona dainib  
uall diumus dian romue for rian reim co mainib
- 200 O roba com-muinib uile for sal sruthglan  
occom con nói ba samlaidh bui cleirech cruthglan
- 201 Asbert na teich fri ri[g] nime cuire cairde  
de demnaib dal each leath as lan uait ind fairrgi
- 202 Feib notseche dober do reir réim nad mada  
t'indem do leir la nait hi ce[i]n im moing mara
- 203 Eirg ind-ocian o thalmuin tir tarrgrach dulach  
asbert anadh ait a ngabadh fom mo c[h]urach
- 204 Cuadh medguisce secht mbairgina praind co lere  
on clerchen glan secht mbliudna dam forsan sere

192 omit and leg. timbi: imbi      193 leg. dānu leg. chéiliu  
194 leg. timbi: indi      195 leg. cairi: airi      196 leg. nóib:  
clóin      200 leg. uilib      201 leg. fairrge      203 leg. thalman  
204 leg. léri: séri

- 205 And sund amne rogab fos fom curchan ciardha  
o soin ca techt is comslan cert mo secht mbliadna
- 206 Cinn secht mbliadna and frithi dam bratan [m]béodha  
doburchu glan dosreanga dam ba gnim déodha
- 207 Asbert-sa ní iss an íasc n-om-sa dia nomsláine  
broig-sin for an rí[g] fochiur an ich issan saile
- 208 Iarsin dobert an cu cétna iach sær slondudh  
na bad coire dobran oile dobert condud
- 209 Coraig sin leir fer crotha ceir nirbo meile  
a laim iarom seitsidh fiadham forsan tene
- 210 Secht mbliadna dam forsan sist sin clu cen saiche  
ba comull ngle domaircedh hé cain gach laithi
- 211 Iar secht mbliadnaib iar tredan dam dal as tolgdhu  
trocor mo rí rombí lethbairgen seeó ordu
- 212 Messair méiti mo choidhin glain as gním combras  
gacha haideche im thairic dal lind slan somblass
- 213 Nimtharail uacht na tes na sín na gæth guinech  
is buadhach band o thanac and lam righ ruireach
- 214 Roansat sin in dam ingnadh lasin cleireach  
rosmbái biad fo comlond cert ba fecht feneach
- 215 Lethbairgen cain *ocus* ordo alt co mbuadhaib  
la lan cóidh dotanic doib *gach* fir uaidhib
- 216 Asbert an sruith ricfaidh bar tir bid slan samlaidh  
ce conrisaidh fri bar mbidhbuidh ní romarbuidh

## XXXIV.

- 217 Seuchsat iarsin d'indsí almuigh clothach gebend  
buadhach in band fuaratar and eirrich Eireand

---

207 read for ríg    ich *gl. supra lin.* .i. bratan    208 leg.  
ich    210 leg. saichi    215 leg. tánic doib

- 218 Raiset iarsin ina ndiaigh daithi dala  
 tond dar trillsi cusan n-in/dse a mbui a nama
- 219 Sídhaisit and fri Mael duin dian gach angbudh  
 iar nais fir lotar dia tir toirtheach tarrgragh
- 220 Mor di amra mor di ingnadh mor di ruine  
 a seel suiligh feb doruirim Mael dian duine
- 221 Sæghal is sith cein nombeó sund nas bith blogach  
 samudh subach rombé co mbrigh om righ rogach
- 222 O thiass for cel rososs for *nem* sech slogh ngergharg  
 hi flaith n-aingel clothach caingen aitreb erard
- Airdri.

- 
- 223 Imrum moltach Mæli duin . dofoirne ruin richigh ráin  
 rogab Æd Find forbrech fial . grian an eena indsi
- Fail
- 224 Fichi deich ni dedhból brig . bidh a rrim don chetal  
 cháidh
- can a secht riam fo leith . leg lat a deich digrais  
 radh
- Airdri uasal.

Finit

Amen

Finit

---

*218 leg.* ndiaid daithe *leg.* insi i mbúi *219 an leg.* andsin?  
*leg.* iar naisc fir *222 leg.* attrab n-érard *223 leg.* richid

## Bithbin Menadaige

*From 23. P. 3, fo. 14b.2. Cf. Archiv II, p. 136 and Cáin Adamnáin, p. 45.*

Bithbin menadaighi<sup>1</sup> is e a huchtaras. Robhoi telchomarc már a Muigh Lena do næbaib Erenn. Issed rotnoilidh. Rop imnedh leo a n-æes penni do eipiltin for uisciu *ocus* baingin. *Ocus* roscuiblic iarum lasna sruithib batar-som remibh. Rotroisesit iarum imbi fri Dia. Dusanainic int aingil *ocus* aspert friu: ‘Na budh machtnadh tra, ol suidhiu, cenidh féil indt usce *ocus* int aran indiu ind óes penni. Rofasaighthi na tairt[h]i *ocus* clanna ind talman eo na fil nert na brigh indtib indiu fri fulang ne[i]ch. Gó 7 peccad *ocus* anfirindi na ndæne dorelsat 10 a nert *ocus* a mbrigh asin talmain cona thairthibh. An tan dobhatar in doene do réir Dhé robatar a nert féin a clannaibh in talman. Nirbo mesa int uisci i suidhiu do fulanc ne[i]ch quam lae hodie’. Is iarum atpert int aingeal friu ní do min arna chumusc ar imem<sup>2</sup> eo mbo menughach 15 ar na taétsatais a n-oes penni imalama fobithin ar na forfulngarair int uisci *ocus* int aran. Treoir menudhach and iarum .i. menadhach uas uisci *ocus* menudhach itir dá uisci sech ní ted síis a reg eo doman lestaír 7 ní tet sías uas uisci. Aes atad trumma pianad menudhach uas 20 uisci doib. Aess at móu cinaith *immurgu* atroillit secht andos<sup>3</sup> *uel* eó amplius ut fiunt episcopi *uel* sacerdotes [qui] cadunt in crimine<sup>4</sup> principali. Finit. Amen.

---

<sup>1</sup> d corrected from g    <sup>2</sup> leg. imbim    <sup>3</sup> leg. annos    <sup>4</sup> in add. MS.

## Story of the Abbot of Druimenaig, who was changed into a woman

*From Additional 30, 512, fo. 10b (A) and the Book of Fermoy,  
p. 113a (F').*

Aroile óclách robæi<sup>1</sup> i n-abdaine Druimenaigh,<sup>2</sup> triall-  
tair<sup>3</sup> lais fled morchain<sup>4</sup> do denam do fritheolad<sup>5</sup> na cáse.<sup>6</sup>  
5 Iar n-ullmughadh na fledhi téit int oclach amach asin  
mbruidhin<sup>7</sup> suidhidh for enoc ardmor uráibhind bai ós  
cinn baile<sup>8</sup> 7 is amlaid bóí int oclach 7 at lanmaisech  
lín uma chenn 7 leine dont sróll righdha re g[c]ustal a  
gheilenis 7 inar suaichnidh somaisech tairsi anechtair 7  
10 bratt don searlóid dubhdhuinn ar tondghail ina timcill 7  
cloidhemh ordhuirn inaonaigh ina lámh<sup>9</sup> 7 ar rochtain  
ar in tulach dó tue a uille<sup>10</sup> fri lar 7 ro codail.<sup>11</sup> Et  
iar muscladh dó asa chotlud an tan rob ail leis a  
chloidhimh do ghabháil ní [f]uair acht arm mná 'na inadh  
15 .i. cuigél. Et is amlaid robúi 7 scuirde leine mná uime  
co talmain<sup>12</sup> 7 is ed bai ar a cenn<sup>13</sup> frithlacht mná .i.  
foltfad a fathmand chaol forórdha fíormhaisech fo cléith  
a chinn<sup>14</sup> 7 an uair tue lam tar a agaid ní fuair finda  
n-ulchan na fésóige fuirre<sup>15</sup> 7 dorat a lam idir a sliastaibh  
20 7 fuair comhartha bandachta ann.<sup>16</sup> Araisin<sup>17</sup> nirehred

---

<sup>1</sup> dobí *F'*    <sup>2</sup> Drumanaigh *F'*    <sup>3</sup> mórath *add. A*    <sup>4</sup> fled  
mor leis do denamh na case *F'*    <sup>5</sup> atá ós an baile *F'*    <sup>6</sup> *In-*  
*stead of* leine — lámh *F'* *has*: cloidhium ina laim 7 sgúird  
leinigh gile uime 7 brat uime    <sup>7</sup> dorat a nullinn *F'*    <sup>8</sup> do  
chotail *F'*    <sup>9</sup> 7 is amlaid do bi a sgúird ina leinigh mhóir . . .  
uime co lár *F'*    <sup>10</sup> 7 is ed fuair for a chinn *F'*    <sup>11</sup> .i. foltfad  
— chinn *om. F'*    <sup>12</sup> fair *A*    <sup>13</sup> 7 is ed fuair [ann s]uighiu-  
ghadh bannda *F'*    <sup>14</sup> aráide *F'*



ant óclach dona comarthaib égsamla sin, ar robu dóigh leis is fuathgudh 7 draoidhecht rohimredh<sup>1</sup> fair. Asa haithle sin tic secha aroile ben mór 7 sí éidigh imodhur urgrándha ina harrocht ghrendach glaisliath glend'suilech 7 is edh roraídh:<sup>2</sup> 'Cidh<sup>3</sup> duit, a ingen min maedhachta 5 mongbuidhe, beith at aenar ar in tulaig<sup>4</sup> so hi fescur laoi 7 i n-urtosach oidhchi?' Et ba<sup>5</sup> dubach derach do-bronach bai simh<sup>6</sup> dona scélaib sin 7 adubairt iar sin:<sup>7</sup> 'Ní fedar festa cidh rachad no cred doghén.<sup>8</sup> Uair cia<sup>9</sup> dom tigh dechar ní tipraid mo muintir aithne form 7 10 mad imthecht doner is baegal<sup>10</sup> d'aenmnaí imthecht ina haenar. Arai tra is ed is ferr damh dol fón doman co ruca Dia breith<sup>11</sup> form, or is hé rosaobh mo chruth 7 mo delbh<sup>12</sup> 7 domrad a n-ecruth 7 a n-aindricht. Acht chena cia domrad Dia a n-aitherruch ecaise, dobeirim fom 15 bréithir a bhfiadhnaisi an Dúilim nar chrochus duine 7 nar féllus ar aon<sup>13</sup> 7 nach tucus<sup>14</sup> sár ar cloc ina ar mind ina ar bhachail 7 nar chraidhius cill 7 nach dubart ole fri nech<sup>15</sup> 7 nach dechaid aoidhgh<sup>16</sup> dimdhach óm threiph ina óm theghdhais riam'. 20

Ro eirigh iar sin don chnoc 7 don tulaig taithnemaigh taobhalaind 7 dorinne nuallghubha neimelach 7 caoi trom tuirsech 7 is ed ro ráidh ac eirghe don chnuc: 'Truagh, ar se,<sup>17</sup> nách suighinn<sup>18</sup> talam na tulcha sa

---

<sup>1</sup> dobi *F*    <sup>2</sup> fris *add. F*    <sup>3</sup> fodera *add. F*    <sup>4</sup> isin chnuc *F*  
<sup>5</sup> Is andsin dobu *F*    <sup>6</sup> drochmeanmnach sium *F*    <sup>7</sup> 7  
 issed adubairt *F*    <sup>8</sup> cidh dodhen nó ca heolus rachat *F*    <sup>9</sup> oir  
 cidh *F*    <sup>10</sup> baedhlach *F*    <sup>11</sup> fein *add. F*    <sup>12</sup> 7 mu dénamh  
*add. F*    <sup>13</sup> ar duine riam *F*    <sup>14</sup> na tardus *F*    <sup>15</sup> re duine  
*F*    <sup>16</sup> aighi *F*    <sup>17</sup> truag ám sin ar si *F*    <sup>18</sup> sluiginn *F*

misi isin tan so, oir ní fedur cidh rachat no cred doghen'.  
 Ro imthigh roimpe iar sin<sup>1</sup> tar fán an chnuic siar<sup>2</sup> co  
 riacht co faithchi Croimglinne<sup>3</sup> .i. ceall robói fri Druim-  
 enaigh aniar.<sup>4</sup> Teemaidh iar sin aroile óclach mór  
 milita dhi ar faithchi an baile 7 tue ant óclach grád  
 diehra dofolaichta dí 7 ro gabh for a guidi 7 nír gab  
 uaitli co ndeachaid ina gnáis 7 ina caomhthach 7 iar  
 feis doibh ro fíarfaig int óclach don ingin ga crich asa  
 tainic 7 cia hi fein.<sup>5</sup> Do ráidh an ingen fris nach fuigbedh  
 a fis sin uaithe damad cian gairid doibh a bhfochair  
 aroile.<sup>6</sup> 'Misi'<sup>7</sup> ar int óclach 'dogén mo slonnadh duit-si,  
 or is mé airehinnech na cille si<sup>8</sup> darbo comainm Croim-  
 glend 7 testa mo bhen da bliadna uadha 7 bidh tusa mo  
 cheile cubaid comaisi.<sup>9</sup> Et dochuadar maraon iar sin do  
 thigh an oirchinnigh<sup>10</sup> 7 roferadar muinte an tigh faíliti  
 midhchuir muintremhail fria-si<sup>11</sup> 7 bai<sup>12</sup> secht mbliadna  
 aige ina mnái 7 ina baincheile 7 móirseisir claindi ruc si  
 dó frisin ré sin.<sup>13</sup> Tic iar sin techta cusan oirchindech  
 ó sámhadh 7 ó choimthinól Druimenaigh<sup>14</sup> dia chuireadh  
 fon cáise 7 téid sisi maraon frisin n-oirchinnnech cusan  
 enoc ar' saobadh a cruth ar tús 7 dofuit<sup>15</sup> a cotlud

---

<sup>1</sup> in ingean iarsin *F'*    <sup>2</sup> soir *F'*    <sup>3</sup> Cromglenna *F'*    <sup>4</sup> risin  
 enoc anoir *F'*    <sup>5</sup> rofíarfaig iarsin int óclach di Can as tangais  
 a inghin no cia tu fein *F'*    <sup>6</sup> ní fuighir a fis uaim ar sí *F'*  
<sup>7</sup> chena *add. F'*    <sup>8</sup> so *F'*    <sup>9</sup> 7 is me do chéile comadhais oir  
 is marb mu ben fein ata bliadain ann *F'*    <sup>10</sup> tig don tigh re  
 cois in oirchinnigh *F'*    <sup>11</sup> ferait in muinte faíliti ria *F'*  
<sup>12</sup> dobi *F'*    <sup>13</sup> 7 beiridh secht maic dó *F'*    <sup>14</sup> tic techtaire  
 gusin fer ga roibe sí ó manchaib Druimenaigh *F'*    <sup>15</sup> 7 tic si  
 7 a fer 7 a clann ó Chromglenn go Druimenaigh. Téit cách  
 reimpi-si don chill 7 snighigh sí ar in enoc cétna 7 rothuit *F'*

fuirri-si fochétóir isin ehnuc 7 téid ant oirchindech cona muintir don chill 7 iar musclad don ingin asa cotlud is amlaidh ro bóí ina fíor fon coimdeilbh cetarobai riamh 7 fuair a cloidem crosórdha cumdaigh for a glún<sup>1</sup> 7 is ed roraídh: ‘A Dhé eumachtaigh, is mór an ciach a fuilim’ 7 dochoidh iar n-acáine dermhair dia chétárus 7 aspert a bhen fris iarum: ‘Is rofada atáí a n-écmais do thighe’. Is annsin robai<sup>2</sup> an tegh n-óla<sup>3</sup> arna oiregar 7 ro hinn-sedh<sup>4</sup> an scél ingnadh sin do lucht an tigh 7 araoi nir-chreidedh an scél sin nadha,<sup>5</sup> ar adubairt a bhen nach raibhe énuair do ló ’na hécmais. Fo deoigh iar tabairt na comhartha n-imdha n-écsamail ferthar a scél-sum 7 berar breth<sup>6</sup> etorra 7 airchinnech Croimglinne 7 is i breth rucadh etorra in ehlann do roinn ar dhó 7 an mac imarcaid báí ann do thabairt don airchinnech ar son an altruma 7 is amlaid roscarsad fri aroile 7 rl.

---

<sup>1</sup> Ar n-érgi dí asa cotlud is ann dobi na fer .i. na hóclach suairce sóineamail 7 in chuigeal na cloidem *F'*   <sup>2</sup> dobi *F'*   <sup>3</sup> lenna *F'*   <sup>4</sup> ro indis *F'*   <sup>5</sup> in scél mór ingantach do lucht in tighi óil 7 nir chreidigh uad *F'*   <sup>6</sup> comarthad imdha 7 derbtha berar breath *F'*, which then becomes illegible to the end.

## Addenda

The quatrain on p. 6, l. 11 above is quoted in the glossary of H. 3. 18, col. 73c, as follows:

roptene .i. gairge ut dixit Cano

Ni urg eona in muige . ni impu mo roptene<sup>1</sup>

ni [ejadh domuci o Sci . coccad [fri] geisi Ceirne

There is a copy of the poem on p. 14 in the Stowe MS. B. IV 2, fo. 149a, written in 1628 by Michael O' Clery. The following are the most important variants.

l. 1, linnibh eabhlor laith lenno fuagg (*sic*) l. 2, ar ind  
Erinn mane tora cuirn Cualain l. 3, in Inber Fero l. 4,  
sug tairbhertho de cormannoibh Cero l. 5, cormann comair cell  
hEle l. 6, ardo Dairine l. 7, Cailli Gortan l. 8, as  
ferait Góidil irbaigh l. 9, dofaoscat l. 11, hibius ní torom  
teglai<sup>g</sup> dotota (*sic*) l. 12, fri fin nno ba sesto l. 13, daltir  
a curru sírchu l. 14, im Maig frísair l. 15, Dail Riado  
coineabar im goithæ glaso gabhthao l. 16, clisit cuirn arceoit  
abhthao l. 17, im Inber ind Rig l. 19, Gartnain l. 20,  
dosoí compo ri tuc deo l. 21, mo chíssel l. 22, ní fil asberat  
astigh domisidh l. 23, ní comsuidi domfanic nach iarros  
crechto innir<sup>+</sup> l. 24, rosaigh meolus do driuth ca dech do  
flatho lindradh. C.

P. 54, § 29: the MS. has *tolga*, with a dot under *l* and another between *g* and *a*, and *d* inserted over the line before *a*. The corrector probably wanted to read *togda*.

P. 70, § 179. It is doubtful whether the dot over *udele* is intended for *n* or *d*. In the latter case it would be a punctum delens.

<sup>1</sup> mo gairge roptene MS.

*M. V. Diddell*

ANECDOTA  
FROM IRISH MANUSCRIPTS

EDITED

BY

O. J. BERGIN, R. I. BEST,  
KUNO MEYER, J. G. O'KEEFFE

VOL. II

HALLE A. S.

MAX NIEMEYER

DUBLIN

HODGES, FIGGIS & CO., LTD.

1908



## Contents

	Page
Airne Fingein, <i>transcribed by Annie M. Scarre</i> . . . . .	1
Betha Adamnáin, <i>transcribed by R. I. Best</i> . . . . .	10
Poems ascribed to S. Moling, <i>transcribed by Whitley Stokes</i>	20
Airec Menman Uraid Maic Coisse, <i>transcribed and collated</i> <i>by Mary E. Byrne</i> . . . . .	42
Cath Cinn Abrad, <i>transcribed by Annie M. Scarre</i> . . . . .	76
Corrigenda and Addenda to Volume I . . . . .	80





## Airne Fingein inso

*From the Stowe MS. D. 4. 2, fo. 46 a 1.*

1. [F]eacht n-aen dia mboi Finghein mac Luchta aidhechi<sup>1</sup> tsamna i nDruim Finghein i n-airne, bóí ben tsídhe iarom oc aithighe Finghein ar gach samuin dogres go n-indisedh dó a mbidh do dhecruib 7 do buadaib i nErinn on tsamuin coroile. Rothniamh inghen Umuidl Urscothaigh a Sidh<sup>2</sup> Cliach in bhen soin. ‘Ca med mbua[i]dh, a ben’, or Fingu ‘fil anocht natfedamor i nErinn?’ ‘Coega buadha’ or in ben. ‘Indis dun iat’ or Fingen. ‘Is buaidh mor’ or in ben ‘i. mac gheinis inocht a Temraig do Feidlimidh mac Tuathail Techtnuir do rí[g] Erenn 7 ateatha Eirinn in mac sin i n-oenr[a]ind 7 geinfít tri flaithi *coecat* do righoib uadha do neoch ghebus Erinn gusan Óraineach Uisnigh 7 bat righ uili iat gin co budh comsaeghlach.’ Cona[d] ann rogab Fingen in rann so:

‘Gidh airne fota in<sup>3</sup> se . i mbeith fot secht ngemaidhehe ni bá liach nobheidis fris . fir Eirenn ni choideldais.’

2. ‘Ocus ca buaidh *n-aile*,<sup>4</sup> a ben?’ or Fingen. ‘Ni *hansa*’ ol in ben. ‘Anocht bruindeas sruth sainemil dar

---

<sup>1</sup> aidhthi MS.    <sup>2</sup> sigh MS.    <sup>3</sup> or MS.    <sup>4</sup> .ii. MS.

airthermhagh<sup>1</sup> nErenn ar slicht na banghalghaidhe mna mic Nechtain .i. ota Sidh<sup>2</sup> Nechtain sairthuaidh<sup>3</sup> co moing mara. 'Tibra' ar si 'fil fá dítcheleith la tri deoghbhaire Nechtain .i. Flesc 7 Lesc 7 Luamh. Assi doluidh uaithaibh ar coll a geissi co nderna sruth saineamail di 7 condat imdha a hilbuadha etir dhaire 7 mhoigbi 7 mointi 7 atha 7 linne 7 inbera 7 srotha sin.<sup>4</sup> Bidh ród imais 7 bidh é in sithbe findbruine darsin elár oir [f]orloisc[th]ji, ar isi sin Boann a hainm.' Ocus gabais Fingen in rana *n-aile*:<sup>5</sup>

'Gin gub saineamail mo ghne . 7 gidh foda int airné gidh gemadhaigh dam co fuin . nimbera for drochmenmuin.

3. 'Ocus ca buaidh *n-aile*,<sup>5</sup> a ben?' or sé. 'Ni *hansa*' ar in ben. 'Crann eim' or sí 'fil fa dhíchleith i nEirinn o aimsir dilenn<sup>6</sup> 7 docuirighther tri frossa toraidh tre cheo de, cona[d] lán an magh forsataí fo thri do meas cacha bliadna 7 intan tntis in dereu dheidhinach<sup>7</sup> dhe, is ann tic blath na dereon *tanaise* fair; 7 rosaersat tonna na dilenn<sup>6</sup> he gin mhandradh 7 nisfacca rosc duine gusanocht. Eo Rossa ainm in chraind sin' or sí 'i. mac don chrunn fil a parrt[h]us. Is anocht iarum rofaisiged<sup>8</sup> do féraibh Eirenn co m[b]a bithbhuidh etir thossach is diredh.' Cona[d] ann isbert Fingen in rann:

'Ni liach airne for eind chraind . fil fa dhíchleith ó dilinn bidh buan a buaidh dar Bregha . do thuathaibh darsnimregha'.

<sup>1</sup> irtlearnhadh MS.    <sup>2</sup> sigh MS.    <sup>3</sup> sairduaigh MS.  
<sup>4</sup> *omittendun*    <sup>5</sup> .ii. MS.    <sup>6</sup> dilind MS.    <sup>7</sup> dheighinach MS.  
<sup>8</sup> rofaidsidhigh MS.

4. 'Ocus ca buaidh *n-aile*,<sup>1</sup> a ben?' or Fingein. 'Ni *hansa*' or in ben. 'Findtan mac Bochraí roir Día dó in Rí uasal [conid] airdbreathem ecena in chentair 7 ita i n-amlabra on uair atchualaidh tonngar na dilenn<sup>2</sup> fri taebh (fo. 46 a 2) sleibi Oilefet 7 seissium fein for Tul Tuindi a n-iarthardeiscert na Herenn. Is annsin bui ina chodlud cein boi in dile for bith 7 ata sin a socht o sin ileith 7 anocht rohirslaicedh a irilabra dho do slun[d]ud senuchusa Erenn, ar roboi a ndobur 7 i ndorcha in senuchus sin gusanocht. Fodhaigh iss e sin enfer firen forfacaib in dile i nErinn. Cona[d] innocht rofaidhedh sbirut saine-amail faisdine i richt mhaethoglaigh<sup>3</sup> co n-eacmuing ina beolu di ghai greine corraibe tre chlais a chuil, co fil secht solabra filed for a tengaid fri slonnudh tsenuchusa 7 comgne Erenn.' Cona[d] ann itbert:

'Gemadh adhaigh fada dhamh . ó nóna co maidenrad nintorbha daigh<sup>4</sup> neich . do caingnimaib adamra[ib]'

5. 'Ocus ca buaidh *n-aile*,<sup>5</sup> a ben?' or Fingen. 'Ni *hansa*' or in ben. 'Teora primaig[d]i Erenn innocht foroircinta .i. barr Breoin a sidhaibh<sup>6</sup> Cruachan dorighne Breó mac Smeathrach cerd Aenghusa mic Umhoir .i. cath-barr do coreair ghlain tire na hIndia 7 ubull óir uassa bá meid firehind 7 cet sna[th]ecene do charmhogal cumusda 7 cet caelcleas<sup>7</sup> cudruma do dhergor forloise[th]i 7 cet rond findbrúine oc a breachtradh. Ata

<sup>1</sup> .ii. MS.    <sup>2</sup> dilind MS.    <sup>3</sup> -oglaidh MS.    <sup>4</sup> leg. fo diäg  
<sup>5</sup> .ii. MS.    <sup>6</sup> sighaibh MS.    <sup>7</sup> leg. cailches = cairches

line bliadna fo dhícheith a tibra Síthe Cruachan ar in Mhorrigan. Ita iarom fa dhítheith gusanocht, 7 fi[d]chell Crimt[h]ain Nia[d] Nair tuce a haenach Find i n-eachtra Crimt[h]ain dia luid laa an[a]irtuaigh caich a Sith Boi[d]b for eachtra, co mboi i nUisnech gusanocht, 7 mind Laegaire mic Luchta Laimhfind dorighne Leand Linfiacloch mac Bainblodha Banna fofuaradar anocht tri hinghina Faindle mic Dhuraith a sidh<sup>1</sup> Findachaid arna beith fo dhíthchleith ó cein mhair .i. ó ghein Concubuir Abradruaidh.<sup>2</sup> Conidh ann itbert Fingen in rand:

‘Airne foda minbud thu . dom frisneis conadh anhru bá niadh bá ri sist occa . a taeb liac lánfoda’.

6. ‘Ocus ca buaidh *n-aile*,<sup>2</sup> a ben?’ or Fingen. ‘Ní *hansa*’, ar in ben. ‘Coice primroid Erenn’ ar sí. ‘Ní fritha gusanocht 7 ní rulatar eich ní carbuid .i. Slighe<sup>3</sup> Mhidhluachra anocht fosfuair Midhluachair mac Damairne .i. mac righ Sruibe Brain oc torachtain Temrach i comdhail feissi na Temrach 7 Slighi Chualand rosfuair Fear Fí mac Eoghabhail ria meséuirib síthe oc toracht[ain] Temrach anocht 7 Slighe<sup>3</sup> Asail rosfuair Asal [mac] Doir Domblais ria ndíbergachaib Midi oc techt do Themraigh 7 Slighe<sup>3</sup> Dhála fosfuair Setna Sithdberg mac Dornbuidhe ria ndíbergachaib Iarmuman oc saigid<sup>4</sup> feissi Temrach isin aidheche sea anocht 7 Slighe<sup>3</sup> Mhor .i. Eisgir Riadai conaidh dore . . . ar dhó .i. fosfuair Noar mac Aenghusa Umáild re laithaib gaile Irrais Domnand oc imcosnum, comdis hé faidhsigh<sup>5</sup> ceñnaridis Themraigh anocht (fo. 46 b 1)

<sup>1</sup> sigh MS.

<sup>2</sup> .ii. MS.

<sup>3</sup> slidhi MS.

<sup>4</sup> saidhi MS.

<sup>5</sup> leg. taisig. See *Diudsenchas* 58.

7 ni tuargaibhset na coic roid sin for Erinn gusa<sup>1</sup> anocht.  
Ocus rogab Fingen in rann:

'Gé beor-sa i n-airisim cian . nimirgaib<sup>we a f i r e d</sup> toirrsi rodhian  
nimgeib formut aidhche nduibh . re feis morsluaigh i Temuir.'

7. 'Ocus ca buaid *n-aile*,<sup>2</sup> a ben?' or Fingen. 'Ni *hansa*' ar in ben. 'Dá adhnaccal slána Sleibe Mis. Rohadhnaicthea indtib dá mhac Miled Esbaine .i. Eber 7 Érimon oc roind Erenn etura, int ara n-ai i cind int sleibi thair 7 araile i cind int sleibi tsiar 7 adubradar mic Miled noço comarsidis na da adhnaccal sin for aenchai nocco comraicfedh engreim flatha for Erinn. It e *immorro* rosadhnaieset sum .i. a dha ndraí .i. Uar 7 Eithiar a n-anmann-sidhe. Dodhec[h]atar anocht na dá fert sin co rabsat comfod tæb fri tæb i medhon an tslebe 7 bidh i Temraigh bhias engreim Erenn co brath.' Ocus roghab Fingen an rand:

'Buaidh<sup>3</sup> do tsaerchlandaibh co li . an do maith amur-  
duchan<sup>4</sup>  
ni clos i nErinn co se . do sainbuadhaibh aenoidhche'.

8. 'Ocus ca buaidh *n-aile*,<sup>2</sup> a ben?' ar Fingen. 'Ni *hansa*' ar si. 'Tri locha ingantach<sup>5</sup> tuargabsat ceand i nErinn anocht fri gein Cuind Cetchathaig .i. Loch nEchach. Crann cuilind ceathrochair curthe ind a cind secht mbliadan, is cloch 'na mbi dhe i talmuin, is iarn 'na mbi dhe i n-<sup>uici</sup> — *8. C. H. uici*  
7 crann 'na mbi de os usci. Loch Rjach dono', ar in ben

<sup>1</sup> End of line.    <sup>2</sup> ii. MS.    <sup>3</sup> buaigh MS.    <sup>4</sup> leg. an de maith doairchani    <sup>5</sup> leg. ingantacha

'is ann ronenaigh Caoer Abarbaeth a Sidh Feadail Ambaid cetaig Mic in Óig co n-ilar ndath n-ingnad (in betha) conadh illdathach 7 cona[dh] saindath gach nair tadhbut fair, ge beth fir Erenn occa dfeacsain for aenchai. Loch Lein dono', ar sí 'rofeair frois fair anocht do chasair thire tairngaire co rasilsat ilaiedi adhamrai ann .i. nomaind Lochla Lein, gé robadar (fo Erin) ní rofaislighthea gusanocht fo Erin.' Conid ann itbert:

'Gid cian co tanacc a bean . frith latsa ní fodreirsead mor a n-asbeir ar ghein Chuinn . do saineamlíbh fo Eirinn.'

9. 'Ocus ca buaid *n-aile*,<sup>1</sup> a ben?' or Fingen. 'Ni hansa' or sí. 'Ceathrar atruluiset ré Tuathaibh Dé Danann a cath Muighi Tuireadh co rabutar fo dichleith i nErinn oc mildeadh eatha 7 blechta 7 mortoraídh 7 measa .i. fer dib is-slemnaib Mhuighi Hitha, Redg a ainm-side. Fear aile dib i ndrúinnibh Breg, Bréa a ainm-sidhe. Fer aile a crichaib Cruachan, Tinell a ainm-sidhe. Fear aile a Sleib Fínoil, Greand a ainm-sidhe. Anocht' ar sí 'roloingsighsedar a Herinn tarna tofund don Morigain 7 do Bodb a Sidh ar Femín 7 do Midir Brí Léith 7 do Mac in Oice, co na beid foghlaidhe<sup>2</sup> o Fómhoire<sup>3</sup> i nErinn cein maras Cond.' Ocus is andsin rogab Fingen in rann sa:

'A tarnice do buadhaib dail . gene hua Crimhthain Niadh Nair feardi (fo. 46 b2) Eire co bá thri . dona buadhaibh adcoisni'.<sup>4</sup>

10. 'Ocus ca buaid *n-aile*,<sup>1</sup> a ben?' ar Fingen. 'Ni hansa', ar sí. 'Aicdhi amra dímbuan sunn it farradh',

<sup>1</sup> .ii. MS.    <sup>2</sup> foghlaidhe MS.    <sup>3</sup> fódhmhoire MS.    <sup>4</sup> leg. archani.

OE beadu - Rille  
 in 50 farradh beigt.

ar si 'i. sonnach finduma fil for Raith Aildinne. On ló rogabhadh a denum 'na focfadis saír 7 cerda de indiu no-thuited imbarach, co na rohirmaised coir a dhenma nach a dorais gúsanocht 7 ní rocindsead a feth nach a ligh-dhath. Ocus dono' ar si 'teora sinnacha<sup>1</sup> sidhe atrachtadar ria ngarbgles in Daghdha for teged<sup>2</sup> .i. Siur 7 Eoir 7 Berba, darachomluidhset á haeninadh 7 condreccatt a n-aeninbair isin aidheche se anocht'. Rogab Fingen in rann:

'At séghdha fri rádh a bean . am séghdha-sa fri tuiream ní fil for Eirinn a cleith . frithailem Chuind Chétchathaigh'.

11. 'Ocus ca buaid *n-aile*,<sup>3</sup> a ben?' ar Fingen. 'Ni *hansa*', ar si. 'Tri nae én bfind i randaib<sup>4</sup> dergoir dodechatar anocht coratseindset ceol n-ingantach for muraib na Temrach, co nach bia bron na snim na cuma na colchaire na easbaid airfidigh i nEirinn fri re Cuinn Chétchathaig 7 dodechatar tri mic Eoin mic Ethidheoin a Sidh Thruim ina dochum, condatt é triar righambus deissidarimme .i. Mael 7 Bluicne 7 Bloce 7 rola Temair tri crithu<sup>5</sup> di 7 rolaisset na sluaigh filed inde 7 roláset primdingnai Erenn uile 7 rochan in faid righlaid do Chunn' ar si 'intan robas oc á lamhnadh.' 'In mebar lat-sa in laidh sin?' ar Fingen. 'Is meabar eim ecin', ar in ben. 'Atarglammais em do failti anocht', ar in ben, 'cotscera do bron aridis dia cloister laid in druadh.' 'O racuala in maith', ar Fingen, 'cidh ar na cechlaind in saich?'

<sup>1</sup> leg. sinnacha    <sup>2</sup> leg. teched    <sup>3</sup> .ii. MS.    <sup>4</sup> leg. ron-daib  
<sup>5</sup> leg. grithu = 'sc' r'

12. Is andsin iarum roghab in ben in laidh sea Cuind  
7 isi rogab in drai i Temraigh.

Gair gaeine<sup>1</sup> Cuind Cond for Erinn . Eir[i]u fo Chund Conn  
co Fal,

bidh uadh flaithus sluaghaib senmu<sup>2</sup> . for senmha[i]gh  
Edair co brath

Risit eacraidhi 7 carpuid . slighi foii-fuaim dar lear —  
a bárcá 'sa churaig croma . dreisfidid tonna tar lear

A sluaigh for Midhi for Mumain . bidh bludaid<sup>3</sup> co mara mur  
fria linne . bid lonna Laighin . ni fil a c[h]abair for cul  
Conciuchail for brúndib Luachra . linfaid dia bruth senmag<sup>4</sup>  
Sainb

co hEas Ruaidh co Find co Fanaid . co Teach nDuind  
frisndailit mairb

Meascfaid slegha a cru curad . for leirg Ulad lethan slicht  
foigera each tuaidh a bhara . conice tonn mara ncht  
Fondaig (i. carbusa) scailti nimaise<sup>5</sup> derca . calga a cru  
domblas dond

o thalmáin conice glaisnem . linfaid aer lasrach lonn  
Conragha for eachtra a Temraig . ind firflaith blaith builid  
buan

tairngera dó-saer in saithe . teora flaithe coicat uadh  
Gignidh uadh o<sup>6</sup> iar súidiu . bid<sup>7</sup> Cormac a ainm uá Cuind  
bidh ail frindi cech thratha . co barr esgiach<sup>8</sup> bratha buirr  
Borrfad Cuind focroidhfi Eirinn . etir díthrubh 7 shlab  
cona soladh cona dlíged . cona chined ina dhiaig<sup>9</sup>

<sup>1</sup> leg. geine      <sup>2</sup> leg. sernair      <sup>3</sup> bludhaigh MS.      <sup>4</sup> sen-  
mhadh MS.      <sup>5</sup> an leg. mimaise?      <sup>6</sup> leg. úá      <sup>7</sup> omittendum  
<sup>8</sup> leg. escach      <sup>9</sup> leg. diad

water



Dearb lasna druidh<sup>1</sup> i Temuir . ariteanaid ni nar ghó  
 forbha fatha co tri muiri . uile roidhnaice Dia dó  
 Cia bem-ne madh tu a Finghein . i n-airisem foda sunn  
 an do buadhaib imaradam . rodailed seach cách do Chund<sup>1</sup>  
 Doridhnaacht dó ré find foda . buaidh do serchlandaibh fo  
 thraigh  
 rig do chathaibh sluaigh uas leathaibh . riana ngreathaibh  
 cuiridh gair . Gair .g. Cuinn

13. 'Is eadh sin ttra' ar in ben 'roraidh Ceasard in  
 drui i Temraigh isin oidhche se anocht intan rogenair  
 Cond.' Ocus rogab Fingen in rand:

'Andebart<sup>2</sup> do buadhaib a bean . indarlím domadlibedh  
 nócho faircei baa dam . ar cloistin laidhe in druadh'.

Is annsin iarum rongab domeuma moir<sup>3</sup> Fingen 7 do-  
 chuaidh as ar imgabail a tiri fein, gin co dechaidh acetoir  
 .i. co na beith ina for'a fein ar cinn cumachta Cuind 7  
 a chlaindi ina dhiaidh.<sup>4</sup> Robui iarum Fingen for imurehor  
 sechnon na Herenn, co roghab Cond righe nEirenn uile arsin.

14. Laa n-aen iarum dochuaidh i nUisnech Mhidhi co  
 rofebh sé Eire uadh for each leth. Fiarfuidhis da drui:  
 'An fil i nEirinn' ar Cond 'nad giallamb<sup>5</sup> dam?' 'Ni fil  
 acht ænfear' ar in drai. 'Cia in fear sin?' ar Cond.  
 'Finghin mac Luchta' ar in drui, '7 o rogeinsim<sup>6</sup> 7 o  
 fógabais flaitheins ata ag imgabail do ghrema.' 'Ca bail  
 itá?' ar Cond. 'Itir dí sruth<sup>7</sup> Sleibi Mis 7 Luachair' ar  
 in drai. 'Ni fuigiub-sa<sup>8</sup> an foichin foghla[s] sin i nErinn

<sup>1</sup> This stanza is out of place here.    <sup>2</sup> leg. a n-epirt    <sup>3</sup> leg.  
 mór    <sup>4</sup> dhiaigh MS.    <sup>5</sup> leg. giallann    <sup>6</sup> leg. rogeinis    <sup>7</sup> leg.  
 i ndithrubaib    <sup>8</sup> leg. fagéb-sa

gan r[e]acht air' ar Cond. 'Ni ba hurusa duit-si on' ar in drai. 'Cidh on?' ar Cond. 'Ni *hansa*' ar in drai. 'Ata ben tsidhi occa thineose' (ar in drai). 'Ata *dono*' ar Cond 'fir mBoidb nDeirg frim-sa co na bern- (fo. 47 a 2) nabthar mo flathis uadh.' 'Cia fil red laimh?' ar in drui. 'Ata frim laim' ar Cond 'i. Fear Fí mac Eóghabail i. mac inghine Crimtain Nia[d] Nair 7 a Sidh<sup>1</sup> Boidhb a athair.' 'Saigh<sup>2</sup> fair' ar in drui. Ocus is amlaid sin doróacht Fíngen co Cond, co mboi *coicait* mbliadan ina farrndh a ngnimuib treinfir, co robris .iii. [catha] .x. conaidh isin *chath* dheidhinach<sup>3</sup> dorochair la Forannan Foda 7 dorochair sidhe *dono* laisim i comthuitim for Gull 7 Irguld.

Finit.

+104

### Betha Adamnáin

*From MS. Nr. 4190—4200, fol. 29—33, Bibliothèque Royale, Brussels. Transcribed from photographs lent by Prof. Kuno Meyer.*

Cap. 1. *Accinge sicut uir lumbos tuos.*<sup>4</sup> In spiritur næm, an spiorat dorosee cech spiorut, in spiritur roin-sorchaidh ind eecelas cechtarda o rath ecena et faistine, is e in spiritur sin dorinfidh na briathra-so tre fer ind rait[h] Dhe tre Iob foc[h]jaidech *dicens: Accinge sicut uir lumbos tuos* i. as do moladh ind næimh sin atbert Dia fri deamon: *Numquid considerasti seruum meum Iob, quod non sit ei similis in terra, uir simplex et rectus, ac*

<sup>1</sup> sigh MS.    <sup>2</sup> saidh MS.    <sup>3</sup> dheighinach MS.    <sup>4</sup> Job 38

*timens Deum et recedens a malo, et adhuc retinens innocentiam:*<sup>1</sup> *cui Dominus dixit, Accinge sicut uir lumbos tuos. Scriptura sacra uiros uocare consuevit, qui nimirum uias Domini fortibus et non dissolutis gressibus sequuntur. Unde in psalmo dicitur, uiriliter agite, et confortetur cor uestrum.*<sup>2</sup> *Unde sapientia in Prouerbijs dixit,*<sup>3</sup> *O uiri ad uos clamito, ac si aperte diceret ego non feminis loquor quia hi qui fluxa mente sunt, meo uerba percipere nequaquam possunt; lumbos uero accingere est uel in opere uel in cogitatione luxuriam refruare: delectatio namque carnis in lumbis est. Unde et sanctis predicatoribus dicitur:*<sup>4</sup> *Sint lumbi uestri precincti, et lucerna ardentis in manibus uestris; et per lumbos enim luxuria, per lucernas autem bonorum claritas designatur operum. Iubentur ergo lumbos accingere, et lucernas tenere, ac si aperte diceret: Audiant, prius uobismet ipsis luxuriam restringite, et tunc de uobis, aliis bonorum operum exempla monstrate.* Sochaide tra do nãmháibh et firenaibh eter fetarlaie et nuiedhnaisi rocomaillsiot an foircetal-so .i. rofortamlaigset et rochen-gailsiot a colaínd, et rofoillsichestt desmerechta imdha a ndeggnimh do thúathaibh et eccalsaibh amhail rocomaill in ruithen, 7 in lasair, 7 an lia logmar, et ind lochrand laindrech diata lith et forait[h]mett ind-ecmaing na ree-si et na haimsire, id est Sanctus Adamnanus .i. an t-uasal-saccart nãmh inti Adamnan.

Cap. 2. Is and iarum innister a accallaim et tuidhecht ina gnuis daenna don demon d'ionnsaige Adamnain ar daigh rotimoiresett fair ar eicein fir Muman tichtain go hAdamnan,

<sup>1</sup> Job 2<sup>2</sup> Psalm 30<sup>3</sup> Prov. 8<sup>4</sup> Luc. 12

ob-rimair-set: 03.

et is amlaidh tainic co cetaibh imdaibh. Oen dinaibh cetaibh in i cruth fa i n-ecruth imroimadhair diabhal, et an tre fios fa in fo anfis imroimadhair Adam. 'Is esamain', ol Adamnán. 'Na maetnaig', ol in t-ocelach. 'Éolach notaccailenn, ar roba-sa hi fiaduaissi in euta.' Nondeca Adamnan go terecach, et dobeir airrdhe na eroiche ina aeclaid focettoir. La sodhain dochuaid an t-imnedach asa radhare, et facebaidh a brentaidh isind airecht, cotnaithgheoin in sluagh uile ba deman i ndeilbh duine doluidh do saobhadh ina sluagh. Et romoradh ainm Dé trena díchur do Adhamnán.

Cap. 3. Fecht n-aile do Adhamnán hi, rigdail Conaill 7 Coirpre occ Ess Ruaidh oc denamh a chana. Dothæt ri[g]damhna maic Anmirech i. Flannabra mac Cumasecaigh co mbanchimidh tais i n-ergabhail iar marbad mna i re[i]r nAdamnain, et dixit frisin elerech: 'Beir fírbreth forsán mnai-so iar marbadh na mna ele'. Dixit Adamnan, et tainic a losi: 'Cidh anaill atcither duit acht a marbad?' 'Cia nosmairfe?' ol ind oclae[h]. 'Neach na ruce máthair', ol Adamnan. 'Meisi sin', ol ind oclach, ar ni genemain eter robui damh, acht tre taobh mo mat[h]ar amach dommuccadh<sup>1</sup> iarna hecc. 'Ni fectar-sa in frit[h]riaghail hisin',<sup>2</sup> ol Adamnan, 'acht araide roster Dia an mnaoi, et ni ragha-siu cen indeachad, ar atbela fodhen co rolnath, et ni gebthar ricche uait, et ni bia cef[h]ern bus lia coiceer la fer dot c[h]iniul co brath.' Tall dano Adhamnan rige ar cloind Dungaile maic Eladaicch do c[h]eniul

<sup>1</sup> dommuccadh *MS.* with a stem added faintly under the line, between the *m* and *n*. <sup>2</sup> hisin corrected from nisin

*q. Lan*  
Læghaire maic Fergusæ maic Ailella ri[g] Ua nEachach  
iar comluighe fo Iaimh Adhamnain. *concom = Pseudo*

*action*  
Cap. 4. Tall dano Adamnan righe ar Irghalach ua  
Conaing cona chloind ar oreuin Neill maic Cernaigh tar  
saruccudh Adamnain. Rohesecongradh la Finnaclta mac  
Duncadha ri[g] Temrach combháire feraind Coluimeille  
fri ferand Patraic et Findia 7 Ciarain .i. a tuidecht fo  
dæire. *Adham* Atfielad do Adhamnan iuni-sin et nirbo coir fiadha,  
ar doratsat firu<sup>1</sup> Erenn sare a feraind do Cholaimchille  
ar febus a e[h]eniul sech cech næmh ind-Erinn. Dixit  
Adamnanus: 'Bidh gairitt a sæghal ind righ las rohes-  
congradh, et gonfaither i finghail, et ni bia flaith dia  
cheniul go brath, et ni bhia a chomainm i rigi Tembrach',  
et forcæmhnaicair samhlaidh uile. *Perf. det. cam*

*of*  
Cap. 5 Adubairt Conall Oireniuch mac Congaile ri  
cheniul Maine nat gebadh cain Adamnain. Asbert Connla  
a brathair: 'Diamadh meisi budh ri, nogebainn an cain'.  
Ba cnitbiudh la Conall innsin ar dinnimect a brathar.  
Asbert Adamnan: 'Bidh gairit sæghal Conaill, et bid  
aidhidh *anna*<sup>2</sup> nonbera, et ni bia flaith Tethba uad co  
brath. Et bidh flaith Connla mac Congaile, 7 bidh uadh  
gebthar an flaithius mani thi frim comforba-so',<sup>3</sup> et for-  
cæmhnaicair samhlaidh. Tall dano Adamnan rige ar  
Chat[h]usach mac Echuch ar righ Dail Riada 7 ar a  
chloind co brath. Tall dano Adamnan righe ar Flait[h]be  
do cheniul mac nErea for hUibh Fidgenti, et ar a cloind  
go brath, et dosratt do cheniul Laippe do hUibh Eachach  
Muman ar orguin do Dunghal mac Ferecusa. *Teath = E*

<sup>1</sup> leg. fir<sup>2</sup> leg. aided chonda<sup>3</sup> leg. chomarpe-sa

*Sint Peto. Marcum*

*Waldgel. = Waldgel. = Waldgel.*

Cap. 6. Fecht ele doluidh Adamnan i crich Laigen do cosnam Laighsi Telehæ Bregmann fri muinntir Glinne da Lacha. Cellach mac Gerthide ba rí la Laighniu insin. Dubhguail ba háb Glinne da Lacha. Luidh Adhamnán i telaigh chucu. Ni érrae[h]t nech dibh reme, ar adubairt an t-aircinech nirbo coir do eirge re nAdamnan, ar escop eisiumh et saccart Adhamnan. Asraracht reme-sium Murchad mac Brain, oictigern sidhe innsin. Isbert Adamnan friu: 'Ni humhal robabair rim cen erghe rónn, sech ni bera cen folaidh. In t-epscop ectus na harracht fri humhalóit asré fri denam cuil rodochraidh et feidhfidh<sup>1</sup> isiu cuil sin co laithe a bhais, et atbela eter di laimh merdricehe, sech ni ba i muigh, ni ba hi taigh, et bidh iffernach et ni ba chian cucaí. In ri dano, adre sidhe asa ricche riasan fíor asraracht reom-sa .i. Murchadh mac Brain'. Et asbert fri Murchad arressiadh<sup>2</sup> lais, ar nomuir[b]fidhe dia n-anadh isin telaigh. Dœuatar Laigin go Murchad 7 romrighsatt, et doluidh Cellach for longais go Conghal mac Fercusa ri[g] Tembrach. Luidh Conghal, la Cellach for Laighniu co sluagaibh Ua Neill co mboi i Fornocti. Doluidh Adamnan hi crich Connacht co mbui isin telaig sin occo. Isbert Adamnan fri Congal co na dernadh ri do Chellach tar turtughadh! nDe et tar a thurtughadh-som. Isbert Congal dogendais caingni na n-ecclas do reir Adamnain, et ba leissiumh suidhiuceudh in righ et na tuaithe. Asbert Adamnan arai-sin: 'Ni ba ri Ceallach. Et nocha bia flaithe dia cheniul for Laighniu co brath, et bid mesa sa mesa ceeh fer i ndiaigh? alaile dia c[h]loind'. Asbert dano fri

<sup>1</sup> leg. turtugud      <sup>2</sup> leg. i ndiaid

no in dō . reith do - uerg .  
unrad ni tūngab  
d'ion

Congal mac Fergusa: 'Ni bat ri oniu amach, et nicon ríca do thír fen i mbethaid, et nothere dienbas, et ni bhia flaith uait co brath', et forcoemnac[i]r huile amhail asbert Adhamnan.

Cap. 7. Fecht do Adamnan oc timecelladh relce i Toraig, rodech in nēm̄h et senais in relice, et asbert: 'Ata corp mna toirrechi isin relie, et ercoidech donaibh nēmaibh a bith innti. Et is edh indso il-ligi,<sup>1</sup> tait[h]<sup>2</sup> mighidh et beiridh libh i traigh in mara'. 'Ata dano', ol Adamnan, 'cethrar isin relice, dia cuingitis for Dia tír don fairrge fil eter Toraigh et tír, no comgabhail ind nimhe don talmuin dia tēthsadh fair dogenta forro.'

Cap. 8. Dolotar Saxain tuaisceirt dochum nErenn go roindirset Magh mBreḡh go Belach nDuin, et berait bratgabhail moir do feraibh et mnaibh leo. Gádatar firu<sup>2</sup> Erend Adamnan techt for iarrair a mbraitte dochum Saxan. Luid didiu Adhamnan do iarrair na braitte, Focerd i tracht romra, fotta a traig-idhe 7 luath á thule. Isi a luas: each as deach i Saxaibh fo degmarcach, et a chul fri tuind an tan gaibhles tuile, as infechtain berus a macc̄h i tír for snamh ar a fott ina tragha et ar luas ina tuile. Nir teicesiot iarum Saxain Adhamnan i tír isin tracht. 'Tailcidh bar ceureha isin tracht', ol Adamnan fria muintir, 'ar as do réir De, ata a muir et a tír, et ní cumangar ni sech Dhia.' Doronsat an cleirigh amail at-rubradh riu. Dobert Adamnan riabh cona bhac[h]aill im na curcha imacuairt, et techtaid<sup>3</sup> Dia an tracht fona cure[h]aibh,

<sup>1</sup> leg. al-lige    <sup>2</sup> leg. fir    <sup>3</sup> leg. téchtaid

= 2 festin

Lat sea.  
N.E. 2022

684 A.D.  
= Beorhtred's  
raid.  
(Temp. k. Oswulf's  
Bede. E.H. IV. 26.

) Cf. Reeves, I, p. 41.

et doroinne m<sup>u</sup>r n-ard don muir impu co mba h<sup>u</sup>inis i mbatar, et lu<sup>id</sup>h an m<sup>u</sup>ir go a crío<sup>ch</sup>a se<sup>o</sup>i et ni roer-choit<sup>te</sup>dh doib. O' t<sup>o</sup>onn<sup>ca</sup>tar Saxain in mirba[i]l romo<sup>ir</sup>sin, rosgabh crío<sup>th</sup> ar oman Adamhnain, 7 dorattsatt a óghreir do. Ba si ri<sup>ar</sup> Adhamnain, oghas na braitte do tabairt dó, et cen Saxain ar erf<sup>e</sup>]ich ind-Erinn co brath, et rúce Adamnan ogs na braitte ar cúl<sup>a</sup>.

d. r. for cúl<sup>a</sup> (M)

Cap. 9. Fecht do Adamnan i n-alaile laithe domn<sup>a</sup>c[h]da isin raind t<sup>u</sup>aiseertaigh Maighe Breg<sup>h</sup> .i. in hUa[ib] maic Uais. Is andsin t<sup>u</sup>iccadh dó ced c<sup>é</sup>rac<sup>h</sup> mbruit[h]e, et eu é<sup>t</sup>forra dano arna brui<sup>th</sup>. Rorathaigh Adamnan tre rath an Spiraitt n<sup>a</sup>imh in coin eter na c<sup>é</sup>re[h]n, et atbert frisna biatacha: 'Cia uaibh t<sup>u</sup>ce dhuinn in choin eter na c<sup>é</sup>re[h]u?' Doratt each d<sup>i</sup>bh fo leith a h<sup>u</sup>ga nar bo he. Dixit Adhamnan frisna c<sup>o</sup>in, 'I n-anm<sup>a</sup>in an C[h]oimded eirigh co luath, et foillsich duinn do thiecerna'. Atracht an eú fo<sup>e</sup>cto<sup>ir</sup> la breithir Adamnain, 7 r<sup>o</sup>ling for a tiecerna, et doratt fri lar. Rofiarfaigh Adamnan don f<sup>o</sup>ir: 'Cia lion robabhair oc dénan in gníomha necat?' 'Ceathrur<sup>1</sup> do Uibh Cuirb', ar in t-occlach, 7 dixit Adamnan ag a mallachadh:

'Mallacht inntu et impu . ata cuird

dodasbiur a hUachtar Aird . for hUibh Cuirp.'

Et asbert nad racchadh a ceinindh tar c<sup>e</sup>t[h]rar go brath.

Cap. 10. Fee[h]t dobreth corp Bruide maic Bile ri[g] Cruithneach docum nIa, et ba si<sup>e</sup>th et ingar la hAdamnan

<sup>1</sup> Correction in MS. here.



a ecc, et asbert ara tabharthæ corp Brude cuccæ li teach ind oide[h]i-sin. Frithairidh Adhamnan oc in corp co matain isin tech sin. Isin matain arabharach an tan rogabh an corp gluasacht et a snile d' erslucudh, is ánd tainic araile craibhdhech dochonnercil co dorus an tighé, 7 asbert: 'Masa doig todiuscad marbh di Adhamnan, atberim co na dingent<sup>ur</sup> appaidh do nach clerech dórega ina inadh, mina todiusca marbu'. 'Ata ni do dligudh and', ol Adamnan. 'Masa chora didiu, tabhram bennachtain forsín corp-sa et i n-anmain Bruidi.' Rofaidh doridhisi Bruidi a spiorut docum nime co mbennachtain Adamnain 7 samhtha Iáe. Is and asbert Adhamnan:

'Mor do ingantu do[g]ni . in ri genair o Muire<sup>1</sup>  
bet[h]a Scuaban i mMuili<sup>2</sup> . ecc do Bruide mac Bile<sup>3</sup>  
Is annamh . iar mbeith i rrighe tuait[h]e  
ceppan caue crinn<sup>4</sup> dara . im mac righ Ala-Cluaiti.'

Cap. 11. Fecht ele do Adhamnan i nHí trí la et teora oidhchi ind-óeine ina thigh fordunta cen toidecht 'na mainistir. Luidh huathadh forbthi don ttech dus cionnus robói an clerech. Rodechsat for toll na heochrach confacatar in mac mbece roalainn ind-ucht Adamnain. Robui dano Adamnan occ buidhe frisín náidhin, co mbo derbh leo ba hé Ísu doluidh i ndeilt náidin do airpetiud Adamnáin.<sup>5</sup>

Cap. 12. Fecht ele di Adamnan i nHí dobreth corp don indsi. Bentar cloce and. Tiagait uile ar a cenn

<sup>1</sup> leg. Muiri<sup>2</sup> gl. insola<sup>3</sup> leg. Bili<sup>4</sup> leg. crín<sup>5</sup> See the same story told more fully in *Zeitschrift V*, p. 495.

acht Adamnan. O rancatar an muir atracht asa churuch gaimhin, et asbert friu: 'Ba cor dhuibh fer leigind do chuinghidh dom accallaimh-si inas toidheacht ar mo cheann dom adnacul', et doratt cestu imdha inccantu doibh, et rucet[h]a go hAdamnán et roérnestar Adamnan huile. 'Iarfaighidh do Adamnan', ar se, 'ar is maith érne cestu, focal fil isin mbaithis eadh gaibhis and .i. urget te Melthiel.' Isberat fri hAdamnan innsin. Dixit Adamnan: 'A hifern tucadh in ceist sin for Cholum cilli, et ní machtad co m[b]adh é ainm an graidh asroimarbhasaigh demhon Amelthiel. Oslaicidh in erdam do Coluim cilli', ol Adamnan. Rognithi samhlaidh, et rošen Adamnan i leth i mbui an corp. Roclos grech et egemh an tSatain oc teacht asin curp doc[h]um ifrind.

Cap. 13. Ba do sáindanaib Adamnain prócept et forcetal. Nopriotehadh iarumh isin mbliadain deigenaigh<sup>1</sup> a bethad contereed fochaidi imon feil nEoin si do feraibh Erenn et Alban. Notathaighedh oclæch anaithmidh<sup>2</sup> go Colman Cruachan Aigle .i. ancara bói i Connachtaibh, et noaisneidedh in t-occlæch mor do ingantaibh do Colman, et asbert friss in tairngereadh Adhamnan fochaidi d'feraibh Erenn et Alban imon féil nEóin si. 'Tó', ol Colman. 'Bidh fir dó', ol ind oclæch, 'is si in fochaidi, Adamnán do thecht dochum nimhe immon feil nEoin si. Is scel mor, et is bron mor i n-ierthiar domán, et fáiter uait-si cuceai inn sin', ol ind óglæch. Faidhis Colman an t-aithesc sin go hAdamnan. 'Doigh bat<sup>3</sup> fir inn sin', ol Adhamnan,

<sup>1</sup> leg. deidenaig<sup>2</sup> leg. anaichnid<sup>3</sup> leg. bad

*de Usculm*  
 'ascnámh i n-ainm De et Coluim cilli diar taigh', et postea cecinit:

'Ma romtoicethi eec ind-Hí. ba gabal di trocari *F. n. r. y*  
 nicon fettar fo nimh glas. fottán bat<sup>1</sup> ferr fri tigbas. *de m. d. m. h. g.*

Cap. 14.<sup>2</sup> Fer firen tra an fer-so go nglaine aiccnidh amhail uasalathair. Firailithir amhail Abrám. Cendais dilgadhach o croidhe amail Moysi. Psalmchetlaidh molbthaighe amail Duid. Etsud<sup>3</sup> n-ecena amail Solmain. Lestar togaidhe fri fogra firinne amail Pol n-apstol. Fer lan do rath et do dheolaigeacht in Spirta naimh amail Eoin macan. Lubgort cáin go celanduibh sualach. Géscce fine co toirthige, tene taidlech *mid Usculm* go ngrís ghoirthle<sup>4</sup> et tesaigthe na mac mbethad<sup>5</sup> im andadh 7 im ellsooth deseree. Leo ar nert 7 cumhachta. Colum ar cennsu et diuiti. Natúr ar tuaichle 7 treabaire fri maith. Cennais umhal ailghen fri maccu bethad<sup>5</sup>. Fordorchaidhe ecennais fri maccu bais. Mogh sathair et fognama do Criost. Ri ar ordan et cumachta fri cuimnrech 7 tuaslacadh, fri seradh et dæradh, fri marbad 7 beouechud. O rochomhfoiecsicchestair tra nair eitsechta indi naimh-Adhamnain, rofaidh a spirut dochum nimhe cusin eCoimthe<sup>6</sup> dia rofoghain. Ata im-murgu a corp co n-onoir et co n-airmitin co fertaibh ceeh laithe hi, bhús colleice isin bith frecnair. Cidh mor a onoir aniu, bidh mo i llo nrathu antan thaitnifes amail grein et foidhfes for-toradh a proceptu et a céingnimha, a ailithre, a oighe 7 a umhaloitte don Choimde<sup>7</sup> na ndula, ind-antaid naí ngradh nime na dernsatt imarbhas, ind-

<sup>1</sup> leg. bad    <sup>2</sup> With this chapter ep. Trip. p. 62    <sup>3</sup> leg. etsud

<sup>4</sup> ghoirte MS.    <sup>5</sup> leg. betha    <sup>6</sup> leg. Coimdid    <sup>7</sup> leg. Choimdid

*grad, M.D. n. ind, ank*  
*h. n. line*

<sup>h. al. r. m. d. u. s. q. v. r. s. t. d.</sup>  
 aentaídh nām et nābhogh an domuin uasalait[h]rech et  
 faidhedh,<sup>1</sup> apstol et descipul Iosu, ind-aentaídh deachta <sup>deachta</sup>  
 7 daennachta maic De, isin aentaídh as uaisle cech n-aentaídh:  
 ind-aentaídh na nābhtrinoitte, Athar, Maic et Spirta<sup>2</sup>  
 Nā[i]mb. <sup>h. r. o. t. p. m. d. e. s.</sup> Ailim trocaire De tre impidhe Adhamnain co  
 roisem ind aentaídh sin in seecula seeculorum (sic). Amen.

Finis. 6. Maij. 1628. = date of Michael O'Lea

### Poems ascribed to S. Moling

*From the Brussels MS. 5100-4, pp. 50-67.*

#### 1.

- 1 Tainic rath forettarsa . orm o righ na ruaimé,  
is me faidh na heccaísi . isí mo chell mo buaili.
- 2 IS me faid as adhartha . re sluagh Gall ocus Gaedel,  
is e m'fin mo tacarta . is e mo medg mo taiden.
- 3 Fada m'íta is m'airnighi . nirb ail dam uiscece Berba,  
dom-rocht srut[h] uar idnaige . o righ noemhaiḡel  
damsa.
- 4 IS ainm dó mo tacarda . ionmain sruth álainn iodhan,  
ra cech laech as abarta . is e m'anlann mo bhiorur.
- 5 Dáeine for bru m'iathsleibe . for mo comairge cen  
congair  
in trath teighim don iarmeidhe . doroiċ Iosa dom  
chobair.

<sup>1</sup> leg. fáithe    <sup>2</sup> spirat MS.

- 6 IM geilt go luth eisine . Suibhne cidh gnath é ar  
bernaigh,  
bid accum a eserge . ni bia a aenta re demhnaib.
- 7 M'indili ar bru taidine . is naemhdha leapaigh deisi,  
derbh lem ni ba hifernach . cech anam adhlaict[h]er eisi.
- 8 Mo leabaidh cruaidh cloichesi . m'adhart ní maeth in  
t-ionad,  
mo taidin uar ingantach . isin uaran nas an ibar.
- 9 Mo thiopra blaith bennachtach . as comann gacha tratha,  
meabraighfidh cách m'faistine . meraidh co laithe in  
bratha.
- 10 Mo caithecell caidh cumachtach . ionad meabraigti rorann,  
tairngirfet rotairngirius . nemh da cech aen ro toghand.
- 11 Me Moling na comairge . ram gresacht nidam foilmir,  
is adhbál mo chondailbe . im cech aen as dligh amlaidh.
- 12 Ropadh adbal a ndocar-somh . Laigin na laoch co n-aine,  
thallas trian a ndochair-siumh . righe ar síl Aodha  
Slaine.
- 13 Atherim ra Muimnecho . na lenait Laighe a Dubt[h]air,  
[p. 51] dofaeth mór do Laighnechaibh . iar fFeidhlimid  
mac Criomt[h]ain.
- 14 Atherim re Midhechu . re Leth Cuind cruaidh a crannán,  
dofaethsat 'san comtuitim . Aed Mend ocus Aedh Allan.
- 15 Dal eCais cruaidh a comairgt[h]es . fugebat gles go  
ngairbe,  
dofaeth mor da ndeghmaithibh . im Corbmac i Maigh  
Ailbe.
- 16 Dofaeth Brian mac Ceindeittigh . an findmac a Maigh  
Adhar  
bidh íatt Laigin chommaidhfer . a bas hi ecath na  
nDanar.

- 17 Suibne is é an fer fartalach . aife tri immain cen luge,  
is inmain an t-Albanach . na tabair taob re duine.
- 18 Suibhne suairenar sengfoltach . rafidir is edh raidhmit  
mo tiopra blaith bennachtach . as sruth Ortannain tainic.

## TAINIC.

## 2.

- 1 Glend na n-aingel n-ainglidhe . 'ga athaigidh ban escaidh,  
ionmain ionad eiseirghe . na lamait demhna descin.
- 2 INmain fortan firaobhda . ocus taidiu 'ga tadall,  
inmain sruthan siornaomta . bidh anacal mor n-anam.
- 3 INmain úir glan gainmidhe . na hathaig dael na demhon,  
inmain relee ainglidhi . bid dídiu láedhi is leabhor.
- 4 Taidiu ann is acarda . is tuile ocus aithbe,  
da cech . . . as abartha . as ionad anma d' aithne.
- 5 Tegh n-aidedh is comairge . is sirgabail for psalmaibh,  
immorcor is connailbhe . im cech n-áenduine ar talmain.
- 6 Lubair ann is lórléghenn . ocus athaighidh tratha  
iar tastel na morErenn . is ann biat go lá mbratha.
- 7 Mochin il-lo an mesraighte . bias fa úir is fa ulaidh<sup>1</sup>  
bidh iciu tenn tesraigte . gidhit ilardha a chinaidh.
- 8 O Día as mór an tiodhlacadh . logadh dontí da loghann,  
dobeir-siumh cen imrocol . nem do cech [aen] no toghand.
- 9 Bidh annsin bias m'eiseirge . dom shaoradh ar cech cinaid,  
ge tú inníu il-leith eiseine . maith lim beith fo úir idhain.
- 10 [p. 52] Cech ionad ro togasa . etir Erinn is Albain,  
is annsin ro toghasa . iar ndeiliuccudh fri m'anmain.

---

<sup>1</sup> *leg.* ilaidh

- 11 IN t-ionad ro togasa . itát ilaidh is<sup>1</sup> crosa,  
inann rogha ruccasa . is Flann Fina mac Ossa.
- 12 Durad urard ainglidi . risa n-abar Ard cuille,  
gair na Gairbe glebinne . binne na treathan tuinne.
- 13 Rosirius ra mórcoindmibh . robat ruada mo rinne,  
atlochar don mórcoimdhe . mh'eolus dochum an glinne. G.
- 14 Moling idhan in glinne . dligidh cuarta *ocus* cealla,  
fada ata 'ga thairngire . go mbeindse i ccuairt a glenda.

GLEND.

3.

Moling cecinit.

- 1 Gair na Gairbhe<sup>2</sup> glebinne . gleeas re tosach tuinne,  
rata aidhble aebinne . d'iasce oc irsnamh na bruinne.
- 2 Gairit lem mo comhainmne . fegadh lan línas múru,  
buinne rotren roGairbe . uisece 'ga cor ar ceula.
- 3 IS suaire immar glecait-siumh . tuile is aithbe co n-naire,  
imaseach do ecmaitt-siumh . sis is inis cech n-naire.
- 4 Coirechi ciuil atluinim-si . 'sinn Gairbh go ngluaire  
gemridh,  
ra muirn moir contuilim-si . ind aidhce adhuair eighridh.
- 5 Eoin calaidh co ceolchaire . ceoilbinne a ngotha gnatha,  
impa romgeibh eole[h]aire . ma celebradh cech tratha.
- 6 Binn lem loin ag longaire . ocus eistecht re haifrenn,  
gairit lem mo comnaidhe . ar drumela durtaigh faithlenn.
- 7 IS riusein contuilimsi . ar bennaibh is ar barrgail,  
na ceola dochluinimsi . is airfeit*udh* dom anmain.

---

<sup>1</sup> *MS.* et      <sup>2</sup> *in marg.* Fluvius qui transit per Baile Atha  
Fír dia in comitatu Luthensi vocatur an Ghairbh





## 4.

- 1 Cros an Choimhdhedh cumachtaigh . dart chond is dart  
c[h]ael,  
is doiligh a ulachtain . damnaite mo t[h]aeb.
- 2 Geibh umat mo cnesslene . an re fáidh mo eluice,  
bidh accatsa m'eiseirge . tis i rRind Ruiss Bruic.
- 3 Cidh na deine cobhsaidhecht . maith cech gnimh ar fas,  
is edh dleghair fossaidheacht . athach siu bus bás.
- 4 IMatsa ní cairichthi . ga mberta ceim cóir,  
is edh dleghair d'ailithre . imthecht fossaidh fóill.
- 5 [p. 54] Ba mor do chuid astair-si . is e Dia ros-dligh,  
as ris shamhlaim th'aiscin-si . is ra bend in-nimh.
- 6 Dognitea cathghaisecedh . damad i mesc na sluagh,  
ba lor lem dom athbaistedh . in t-acardha uar.
- 7 Gairit lem do c[h]omradsa . ic imtecht dar glend,  
a De as mor dot rogradsa . fil im anmain thall.
- 8 Truagh lem th'imthecht romum . ocus crecht it c[h]urp,  
ata a uaman oram . mo deiliughud rut.
- 9 Bi im fharradh cech áenmaitne . ic athaighidh trath,  
ní sía lem na áensectmain . oníu eo tí in brath.
- 10 Ba samh lem do meinci-siu . cuccum dar in port,  
uir iodhan do reclesa . raghus dar mo chorp.
- 11 Ole oirn beirt ar mbuachalla . ar mbuachail gan ceil,  
fosait coin a cholainn . 'sa anim hi péin.
- 12 A Dé as truagh ra aerichliss . isa at atelos,  
nochan fuil dom shaogalsa . acht eo cill na cross.

Cros.

## 5.

## Moling eecinit.

- 1 A bhen Graig is graceda sain . na cualaisi Graic do guin,  
ni bá sochaidhe bus báeidh . re faidh in laigh fil fort muin.
- 2 INd uair robói ag buain na ccaer . is ann fuair a  
thaeb do ghuin,  
ro thuit anuas isin linn . ro tuit iarsin isin tein,  
is ann ro bai in naedhedh nair . inbhail induaigh in  
muic nduibh.
- 3 Nocan ionmain lem do mac . a athair nirb andsa lem,  
atlochar do Críst na ndrong . mar do faceaibh Gráce  
a chend.
- 4 Mor in gairtigudh ruc uaim . thes thuaidh is tíar ocus toir,  
doroiechtis leis ina mail . secla na bidis im treibh.
- 5 Ba saeth lem a taebh do guin . ni fuir mar dorigne a ect,  
noco torcair Grace robert . fuil na geilte ní ro thecht.
- 6 Mo bennacht uaim for in mac . noco ndeoh fo criaidh  
fand fát,  
[p. 55] mo bennacht-sa fair fo ced . ma ro chuirestair re Grace.
- 7 Bid ifernach co brath . iar mbrath bidh edh indar lat,  
damadh lemsa an mais nach saith . nochan fuighbedh  
maith a mhac.
- 8 Ba saeth lem a taebh do ghuin . a fuil ro báí ma  
gae ngorm,  
acht rob fer cottaig in caem . ra taeb no gairtíget orm.
- 9 Moch ro millis m'urnaigti . mo cuil is cannran mo cait,  
mo shionnaigh, mo geltucán . mo dreólan o shlait do slait.
- 10 Truagh deabhaidh dorigensat . domhnach dar m'eisi  
co prap,  
da nduaigh mo dréollán mo cuil . mo dreollan ro caith  
mo chat.

- 11 'Se Suibhne ro indis damh . do bi le glanscéil an trír,  
 triar ro fácbais indar lat . ní mairenn acht do chat dibh.
- 12 Iar sin impaimsi dom tig . fuarus adam rose imuich,  
 tuccus om chat mo dreollan . om dreollan tuccus mo chuil.
- 13 D'imcainedh na mna re Graic . ro gon mac nEchach  
 métt each,  
 trocaire dorighnis ris . goin a chnis man loim rus-alt.
- 14 Tuccais dó imnedh do fal . a dha lan don loim een loc,  
 ropa cin a liamain ort . corp asna tualaing col.
- 15 Iarsin suas ro eirigh Grag . do ghuin mac Eachach  
 do gaibh,  
 tainic cuccam Suibhne sáer . co torracht mo chill caomh  
 caidh.
- 16 Accam ro hadhnacht abus . agam eiseirgfer a cnes,  
 a fhuil sunn ateichfe each . ar lice co tí brath na ttres
- 17 Fromtha do rad orm Graic . tainic na scoleic mail find,  
 ro fiarfaigh cia bas nosberad . robai 'gum fegadh im chill.
- 18 Ro laphrasa ris co foill . ní tuccusa air aithne fir,  
 adubartsa ropadh guin . marbadh fuir ra rí[g] na righ.
- 19 Arna mhairech tainic fos . do fromhadh mo nóis fam nert,  
 adubartsa ris iar sein . a losecudh i ttein nar terc.
- 20 Iar sin tainic sin tres lá . ar co cuireadh mo gó im cend,  
 adubartsa ris budh badhadh . ros beradh ra thraghadh  
 tend.
- 21 [p. 56] Guin ro gonad Grác do gaibh . acc dol in  
 daraigh i ndreim,  
 ro thuit a daraigh i tein . iar sein a bhadhadh gním trén.
- 22 ÍSa Críst coimsigh each cruidh . is é rom toirsigh im  
 treibh,  
 ní bind lemsa fáidh do ghuil . a ben Graic is gráeda sin.  
 A ben.

- 23 Nocha ragha aithfer fort . an locht ro lenastair t' fer,  
ni bia sund do mac go cian . no ge uasa biaidh a ben.  
A ben.
- 24 Atloc[h]ar do Christ cen col . noch a marann accatt t' fer,  
in gol dogni i ttigh Moling . as bind is as bind a bhen.  
A ben Graice.

## 6.

[p. 57] Molling cecinit.

- 1 Daigh mac Cairill ticfa im dail . is Ulltan o Árd Breacain,  
Finan is Feichin on glind . Cianan caidh is Mac Cuilind.
- 2 M' aentusa is Colum cen grain . is<sup>1</sup> Corbmac húa Liathain,  
meraidh co ti brath na mbreth . bid hí an áenta air-  
mittnech.
- 3 Me Mulling ro ling an leim . i foccus ind-cidircéin,  
is me lingfes leim bus ferr . etir ardnaemha Erenn.
- 4 Im ueht ro báí Crist mac De . aenmac Muire ingeine,  
rom gab etla do cech leith . gur[o] bo forbailigh Daigh.  
Daigh.

## 7.

- 1 A Mulling, na mill mo tuat[h]a . na mo mathra,  
lethfait Gailinga dar ericha . col-lá mbrathla.
- 2 Nocha sechmaidh doibh mo guidhe . ra huair forluind,  
Gailinga maithe nir' gabhsat . flaithe ra comhlann.
- 3 Asbiur bennacht forsan taidin . nach sil immut  
corab hi itghe cech Gaoidhil . nem mallingu.
- A Mulling.

---

<sup>1</sup> MS. et

## 8.

Angelus Dei et Mulling dixit.

- 1 Gabhal do sruth Órt[h]anain . dot ria dar secht secht muire,  
go mbia i fail do dairtighe . matain a cind sechtmuine.
- 2 Gabhal do sruth Orthannáin . domría dar seacht secht muire,  
toirced cuccam a ma rí . romthi re cind sechtmaini.
- 3 Bidh accam a airisemh . bidh cuccam bhías a foghar,  
icfait dáeine co meinic . dol on reilie don gobhal.

Gobhal.

## 9.

Mulling cecinit.

- 1 Mo muilendsa is geb dedáil . acht ní eirigh ní tuit aigi,  
fo lem gemadh urbadach . daigh bera berair cuicci.
- 2 Goblan tuccus o Dubhglais . dom t[h]ig ar uaman  
tiughbais,  
do snadhadh anma na n-uile . for slighidh richet<sup>1</sup> rindmais,
- 3 Gablan tuccus o Dubhglais . dom thigh ar uamhan  
tiughbais,  
saidhidh a cend fo tonna . troma fri fedha findmais.
- 4 [p.58] IN taidiusa tuccusa . tond bathais dar gach mudeind,  
nem da cech áen ros-imtigh . acht mad muilleoir an  
muilinn.
- 5 Estem rem tegh n-airnaidhe . is gnath and gairm ro-cluinim,  
acc iarraidh fir imarchuir . ocus ní fáidh ra muilend.<sup>2</sup>

Mo muilend.

---

<sup>1</sup> *leg.* richid    <sup>2</sup> *leg.* muilian

## 10.

## Mulling cecinit.

- 1 Cellan cille Daimcinn duir . ro fidir run ricet<sup>1</sup> ráin,  
i tiugnair in bethadh buain . mo chin mac Librain lain.
- 2 He dobera commain dam . is me ficfas commain dó,  
gebaidh m' abdhaine ni brecc . da bliadain déc ni bá gó.
- 3 Mo Šiloce epscop ni brecc . ionmain Ultach garbh in gég,  
mairec óccan bidh fada a ail . i ttiubhra an sruith  
seinfliacail.
- 4 INd aenailidh dún ar ttriur . is aenbla lin dar ar cend,  
faidhfidh mo spirut col-luath . ar taistel tuat[h] ocus cell.  
Cellán.
- 5 Dorad a mhanchine damh . is manchine a manach ttend,  
dorattusa dó ni guach . cummus mo tuath is mo cell.  
Ceallán.

## 11.

## Mulling.

- 1 Tangas cuccam o Choin Cruacan . dom chill do cuingidh  
mo bidh,  
cétt damh n-allta ra ced n-ellti . ni cor caillti risin righ.
- 2 Biathadh longpuirt huaim do daighrigh . ni rad ngrip,  
mairec eos' tiefa mairec eos' tainic . mairec eos' rainic  
mairg eos' ric.
- 3 Biadh do cach is idhnaicul . dom tellaig cen terca,  
facebaim cen a tidhnaicul . go brath do cloinn Con-cerca.

---

<sup>1</sup> *leg.* richid

## 12.

## Mulling cecinit.

- 1 Cech righdamhna Raigne . caithfes mo biad mbuidhnech,  
nocha gebha rige . a tire go tuillmech.
- 2 Ni mai cath na cathrae . riana gnuis ir-righiu,  
ni ba sás for sluaga . riana bás bo dighu.
- 3 A coin is a ngille . a mair cen becc mine,  
[p. 59] methfait ar mo biudhsa . atbiursa nís rigne.

Cech.

## 13.

## Mulling.

- 1 Cech fer cloinne Conallaig . da raga rum can terba,  
nocha bia da genelaigh . acht sil Cairim a certa.
- 2 Millfidher a sainemhlas . doficfat dighla gnatha,  
teilcefidher an airechas . o sain col-laithe mbratha.
- 3 For clár chaitte a tigernass . atu-sa etir a treba,  
missi Mulling liberna . Linne moire nír cela.

Cech fer.

## 14.

## Mulling cecinit.

- 1 Bennacht lem do Chiarraighibh . each be da lin,  
dobheirim bennacht aile . do Šetna cona síl.
- 2 Duthraccar do Chiarraighe . cidh or beith im ghlaic,  
ind flaith cona horeainglib . doratar don fraice.
- 3 Cech itche conríarat-somh . oramsa mon fraice,  
cuccam-sa acht co tísat-somh . ros-bia forra in fraice.
- 4 IN fraic do Cenel Setna . isí rom-alt fam cedblaid,  
ro dilga Dia don fraic . ina nderna do dichmaire.

- 5 Crist mac Muire ingine . cech maith is é ro ellacht,  
mo mathair-siu ac Ciarraighe . dorattar doibh an bennacht.  
Bennacht.

## 15.

## Mulling cecinit.

- 1 IS feta in t-airiughbadh . is adobra<sup>1</sup> in rad,  
bid Mulling mo comainm-si . oniu co tí in brath.
- 2 Ro bhennacha Dia t'erlabra . do ghin cona li,  
in t-ainm sin doraidisiu . dorarngart Mobi.
- 3 Bennacht Brenainn beobhriathraigh . danid ainm Mobi,  
fort clannaib fort comarba . bendacht Mheic De bí.
- 4 Finan Cam dot bennachadh . etir meic is húi,  
Michel uasal art chliu . do tí for cech cáí.
- 5 [p. 60] Tricha samaisci cech raind . ocus tricha muc forind,  
dusbert Aingid cona cloinn . dar cenn bennacht[an]  
Mulling.
- 6 Aes ochta nis-rucca . fuact na gorta,  
ailim Crist feibh ro d-ellacht . mo bennacht for áes ochta.
- 7 For Aingid go buan . mo bennacht co sír,  
cein maires orba án . ordan for a síl.
- 8 For Aingid na morluacra . mo bennacht co meth,  
a clanna 'sa comarba . nir scarait re feth.

IS feta.

## 16.

## Mulling cecinit.

- 1 Féocháine mac Brain . go mbail is go mblat[h],  
bennacht Finain Caim . for a cloind co brath.

---

<sup>1</sup> = adamra



- 2 Bithbennacht na naemh . for a cinedh cain,  
bennacht Crist cen naradh . ar sil mbuadach mBrain.
- 3 A Ísu Crist maic De . itche fir cech gleo,  
etir sunn is tall . a clann ni rab feo.

Feocaine.

17.

Mulling.

- 1 A Meic Muire it foireclidhe . maith ordaighe each,  
ro bet [for] slicht bennachtan . clann Ceallaigh co brath.
- 2 Ar Mulling doridhisi . cein bes talam túi,  
ni rab sil fill in ciniudh-sa . etir meic is úi.
- 3 A Chríst gor' bat forbartaigh . ni rabhat d' eis neirt,  
go rabat ind-ardleabaiddh . a mna ocus a meic.

A Meic.

18.

Mulling cecinit.

- 1 <sup>blessing</sup> Bennacht in Coimdedh do nimh . for ~~na~~ Fergusa co mbail,  
for sil Mella Caich uas cēch<sup>1</sup> . bennacht go mbrath ar  
sil mBrain.
- 2 For clandaibh Ailell[a] aird . for na tuiirenaibh <sup>aut. pfeiler</sup> cur derg <sup>herveo</sup>,  
for feraibh Fergusa <sup>tail</sup> tarsain co sescenn <sup>to sescenn</sup> sal serg. <sup>non. Serj of. tea</sup>
- 3 For a cleircib <sup>cleircib</sup> craibdech <sup>uid</sup> cais . for a n-occlachaibh ernmais,  
[p. 61] ar a tigiernaib cain elu . ar a mnaibh ar a maeu.
- 4 Oen-Mac Muire mo cech <sup>fact. acc. 2nd pers.</sup> gein . co tora da n-imdedhail,  
co rucca leis da taigh . sech ifern ar bennachtain.

Bendacht.

<sup>1</sup> leg. cāch

VII ent: A well-known Irish work of founder of monasteries

## 19.

## Mulling cecinit.

- 1 Hua Briuin occom riaruccud . etir mnái occus fer,  
as doibh dobheirimsi . talamh ocus nemh.
- 2 Da n-geat mo scerpulsa . is mo dlighed co mbaig,  
gundimsi mo Tigherna . nachas-ti nach plaigh.
- 3 Mo bhennacht buan bithsut[h]ain . forra cen a cail,  
etir clerceib caillechaib . ota shabh co traigh.
- 4 Bennacht Mulling forrasan . feib raidhimsi fein,  
etir gormacaibh is goringhenaib . i foccus i cecin.
- 5 Etir laechu is laecheasa . mo bennacht co túi,  
etir ócu is ócnatu . etir meic is húi.
- 6 Facebaim buaidh is facebala . dá ngassraigibh ciuibh  
ocus uaill is airechus . do maithibh úa mBriuin.

Hua.

## 20.

## Mulling cecinit, nisi vel potius Dunchadh de quo in fine.

- 1 Hui Degadh Osraighe áin . is Húi Degadh Laighen láin,  
inand cenel ocus cland . cidh imchian a ferand.
- 2 Fegam cia na da tire . gusa mberum arus fire,  
co finnamar cen mímes . a n-atharda laindileas.
- 3 At meabhra linde immalle . a ceoibnes, a ngeuele,  
a n-annalta ro ciosa . is a craobha coibnesa.
- 4 IS do Laighnibh ni celthar . an t-athair or' geinettar,  
as d'Osraigibh a maithriu . cen ciniud cen comlathre.
- 5 IS hí sin an breth fire . d' Uib Degadh na deghtire,  
cidh amlaid bet na ba tol . grenn fer nErenn a dhícor.

- 6 [p. 62] Labhraid mac Bresail Beolaigh . ri Laighen  
londbruth leomain,  
tucc ingen Dréada meic Buain . a himlibh geala Gabruain.
- 7 Grian banc[h]uire Raigne rain . ben righ Gabrai ocus  
Gabrain,  
Findabair ingen Dreada . dona righaibh rocaemha.
- 8 Ruce Findabair mac n-angbaidh . do righ Laighen do  
Labraidh,  
ba heiside Deghadh mór . ba mac meda co fledól.
- 9 Dorad Findabhair a mac . ar altrom cen imeomhare,  
i n-ucht a hathar mathar . is a cet[h]rar derbrathar.
- 10 Dorighne an senathair seilb . ar a dhalta dál nach meirbh,  
atubair comadh dó budh mac . cein bidh leo talamh  
tonnbalc.
- 11 Go n-ebhairt mac rad gaela . nach e sud Daig mac Dreada,  
co ro leth an t-ainm sin de . o macaibh ána Ossraighe.
- 12 Acht sain o tat ina mbiu . nochan fuil da ndualus ríu,  
acht firmac colla ocus cuirp . Labradh a Laighin  
laechluire.
- 13 Ceithri brathair a mathar . ropa dighlaim deghbrathar,  
gradh clothach comthend in rann . Mael fothaigh con-  
chenn coimt[h]enn.
- 14 'Ar sain do rainn Draeda a tri . a orba 'sa innili,  
co tard in trian roba mó . da inghin is dá dhalto.
- 15 Dorad na da trian aile . go fessabhair si sine,  
da macaibh as dó bad déin . nír' bo roinn abbadh  
aimhreidh.
- 16 IS amhlaidh sin ata in rann . on lo derignedh anall,  
ocus biaidh tria bithe sir . dilsí tairberta deigrigh.
- 17 Tri meic rucet[h]a do Daigh dian . i ttír Concerca na cliar,  
timtach dergnus in triar tend . Finnehad Fergus is Cairrell.

- 18 Ceithre meic Deghadh tair . etir Slaine is Torachail,  
Erec, Aengus gol-lin baile . Eoghan, ocus Laeghaire.
- 19 IS meabair lem linibh eland . cen imresain cen imroll,  
[p. 63] conidh ra Laighnib luadh ngle . dual Ua nDegadh  
Ossairge.
- 20 Mulling ro ling Luacair loir . mac Faelain d' Uibh  
Deghadh moir,  
data no bith ar bith bras . is aca frith an t-eolas.
- 21 IS dochaiti conidh fír . uair is e Mulling ro scribh,  
da mbeith Muicin Maighne ifus . aderadh ni himarbas.
- 22 IS mebhar leo co leire . ra Scuithin 'sra Mac céle,  
ra hepscop Colmain caidh . 'sra Fidlin mac Irlamain.
- 23 Hi fiadhnaisi in tseisir naemh . nocha n-é so in senchus  
saebh,  
ni fuil dúal a sé na de . ic Úibh Deghadh Osraighe.
- 24 Dunchad eolach ard a blad . ollamh Erenn is Alban,  
airecht buan go ngaibh gela . is do dual na ndeghDegha.  
Hua.

*In marg.* Dunchad mac Braonain epscop Cille dara  
d' ecc 927, Dunchad dalta Diarmada, epscop saoi 7 ollam  
Osraige, d' ecc 971. Dunchad ua Cefada, andara sruth-  
senoir ro baoi a niocht a martar Laigen d' ecc 1082.

21.

Mulling cecinit,

1 Uamlain Gall tainic Mulling . da raibe tes ina chill,  
go ro raind a liubra a trí . da tesarecain fo caemblí.  
*Uamlain* *in 3* *no sure them whole*

*fear of vikings reached* *when news in south in his cell*

- 2 Da ttrian a leabhar go mblaidh . ros-tuice d'Aengus  
 Laimhiodhan,  
 dos-tuice sidhe i nDeire Ferna . co ros-báitea a  
 ndeighdelbha.
- 3 On naimh risa tartais taob . tiefaidher rit acht cidh saebh,  
 flaiti firluinde rut de . bar firbruinnibh do bhaile.
- 4 Lor sain budhesta a Mulling . a clerigh an chrabaidh  
 grind,  
 ar do cátaidh ag Dia dil . na faceaibh do mhallachtain.
- 5 Ní lenab ass ní búis mó . nocha n-eber imargó,  
 raghatsa dom thigh mar tu . maithfetsa duit mo liubhru.
- 6 Doghénam aentaidh co mblaidh . a Mulling ar  
 Laimhiodhan,  
 gan duilghe ra Dia ndelbhda . bidh ar euibhdhi  
 coimhfedhma.
- 7 Dogenam aentaidh imne . meisi is tusa ar bhrathairsi,  
 meraidh-sidé co brat[h] mbreth . bidh í an aenta  
 airmittnech.
- 8 Dobherainn comhairle cain . duit a Mulling naoimh-  
 cleirigh,  
 [p. 64] co na dernta feirec fathaig . ra hAengus rat  
 fírbhrathair.
- 9 As meisi do brathair fein . i foccus ind-eitircéin,  
 im firgerait sunn co se . eregat rat sochraitte.
- 10 Da ttiseat riot tiar no tair . madh ole tiad ona rioghuibh,  
 toghmait iar ngris is iar ngail . ragmait ar ndis da  
 dioghuil.
- 11 Dobeirim mo breithir de . cech mac righ not-aircefe,  
 co mbersa i ttegh ndiamair ndil . ní bia bliadain 'na  
 bethaigh.

- 12 Gidh scriptuir bes go ma secht . in eech cill agus cleircect,  
mo bias na gradaib do cell . os feraibh ána Eirenn.
- 13 Gidh badhadh bes ar gach cill . cen crábudh cen  
croissfighill,  
ni fell ar fath na mbia de . bidh ferr acach do baile.
- 14 Bidh cathair ataigh do cell . bidh díttiu d' feraib Erenn,  
bidh snadhadh doibh imalle . bidh crábud bidh comairee.
- 15 IS bidh tegh n-aidhedh do cách . ar cind Gall is  
Gáidel ngnáth,  
cen pudhar is cen teidm tend . acht lubhar agus leighend.
- 16 Fácbaim facebail aile deit . aisneis an ní so agus creid,  
bidh sen sluaghach ro lin la . bidh buadach do comarba.
- 17 Ar ndenamh do gnimraid glain . ar mbeith co fada i  
mbethaid,  
facebaimsi each cuird ní cle . fer th' uird docum  
fochraice.
- 18 Aen-trian a leabar <sup>an ceann de na leabhar</sup> cena . rucetha uadh go mac Éra,  
conos tuce mac Éra an <sup>do chuid de</sup> . dá lesucead do Ruadhan. - a Tipp 8
- 19 Tuceta na liubhair ile . do Mulling il-laimh cleirigh,  
ó mac Éra cen <sup>de. E. 1877</sup> gigil . <sup>do. 1877</sup> cena <sup>do. 1877</sup> gusin <sup>do. 1877</sup> aenlitir.
- 20 Tuce Mulling breithir co mbuaidh . do mhac Éra 'na  
chill tuaid,  
cen crich cena co brat[h] mban . o mac Éra is co  
Ruadhan.
- 21 Arsin tice Mulling a tuaid . ó Maighin Muineí Magruaidh,  
as mairece do robeir robad . a eccla 'sa imomhan.

Uám.

## 22.

[p. 65] Mulling cecinit.

- 1 Disert mBreacain sunn istleiph . ionmain locan builidh  
blaith,  
cid maith ann do cleircibh cell . is secht ferr ann do  
mnaibh.
- 2 Meisi Mulling o Lind moir . im seith im sruth im senoir,  
im tuirsech o bheind i mbeind . etir gobán 'sa geibeind.
- 3 Ra taebh sett . ra taebh cech bidh noch a brecc,  
is e mo dighbail iar fir . secht fichit is<sup>1</sup> sé cé.
- 4 Tainic sunn do muintir Dé . caillech gelbhan glan a lí,  
nochan fettar ciasa run . fa mesa dún ina dí.

Disertan.

## 23.

Colum cille cecinit.

- 1 Tegh Mulling meic Faolain . meic Feradaigh Find,  
tiefa a anam biaidh a am . cach da manur aith a rind,  
dith ar finib ferann fas . is e fas fogebhtair ind.
- 2 Saidfidh a tuata ar Mulling . ma cert ngrind ma cill  
liac seel,  
millfit a chomairge caidh . rosbera fo thraigh go tren,  
coccad bo ar breti a mbuar . teirce da slugh imat dér.
- 3 Gaitt a dlighidh ar Mulling . ro mill Eochaid dinim  
sneidh,  
fuair a dochar dol re mbaigh . ro ben an dail ar  
Uaibh Neill,  
cindiudh senaidh iad ro geall . ros-bera in glend gan  
a reir.

<sup>1</sup> leg. ocus

- 4 Sechran ar naimdibh Mulling . bás do rinn digh dhib dál,  
 docra ocus dogru dur . cul re soghra snimh nach samh,  
 faemadh a earbarta méth clann . ceim re hall tuitim i ffan.
- 5 Tícfait fir Cualann atuidh . forecla a slúaigh co Tegh  
 Mulling,  
 ninge d'ór dobeir cech fer . ar a tegh do leigen ind,  
 o sin amach co brath mbend . ferr isa ferr Tegh Mulling.  
 Tegh.

## 24.

## Mulling cecinit.

- 1 A meic madatt buan . ní mad cin do cri,  
 ro cluife mor nuall . tren is truagh cen ní.
- 2 [p. 66] Ole an leth rotla . ar in doman ce,  
 dia cara do cri . bid ole ragha de.
- 3 Bid garba na glaca . notgebhat tria mebhail,  
 glac talman buan bithseng . glac ifirn glac demain.
- 4 Na breithemhain berait . gubhretha for daoibh,  
 a meic ní bat súi . a n-úi ní bat máinigh.
- 5 Cleirigh cecha cille . eol damsa in dodénat,  
 bidh echtrainn a n-inne . ra cech maith atbelat.
- 6 Na cléirigh na croimcinn . eol damhsa il-leth tiagait,  
 laifidher i tteinidh . co deimin la Fiadhait.
- 7 ISan tseisedh aimsir . is ann tícfaitt amlaidh,  
 ní bia gradh a einigh . ag duine for talmain.
- 8 Ro sia cliar cech cleithe . do tigh cech firenaigh,  
 bidh dith ar cech fine . dogne buaid cleirigh.
- 9 Achucan bid fada . biaitt Goill ie a fogail,  
 a choluin cen temel . co tí deiredh domhain.



- 10 Ticfait Gaill is geinte . gebhait in cech cathraigh,  
airecfitt amar bhaghaim . Áraind n-alainn n-ethraigh.
- 11 Co tora in dos díttin . nos geba tre crabadh,  
cech long rasmbia a bara . ni racha cen badhad.
- 12 IS dó sin dobértar . i nÁraind go nglaine,  
dár taemang a riged . ar inad cech toighe.
- 13 Ni bia traig cen tatcor . nisece ocus eisee ingnaid,  
ni bia tegh fo croma . cen buar loma lindglain.
- 14 Frossa mine mela . ferfait ar na lecaib,  
o caisee moir cech maitin . co féil Poil is Pettair.
- 15 O feil Pettair co samhain . ferfaiit frossa banda,  
bát lán ráin is rinde . do thaoibh cecha haille.
- 16 [p. 67] Ra lind ticfa golgrain . a hacion 'sa hinghen,  
as dibh-sain bas lomnan . o uir co hinber.
- 17 Cen creich is cen coibdin . dar muir is dar malleladh,  
bidh iat sain a hangin . a angil sa hanfaid.
- 18 INun cill nos-mille . laifider i fat,  
ni bu ri na flaith . cia táir maith in mac. A.
- 19 Mairce costora in ri . dia ngab talam tart,  
cnaifes Araind n-ain . gebhus cain a pairt,<sup>1</sup>  
cuma lem amain . uair ni tair mo mac.

A meic.

---

<sup>1</sup> *leg. part*

## Airec Menman Uraid Maic Coisse

From 23. N. 10 (R. I. A.), pp. 29 ff. collated with Rawlinson B. 512, fo. 109 a ff. (R) and Harleian 5280 (H).

1. [A]urard<sup>1</sup> Mac Coissi<sup>2</sup> arainic<sup>3</sup> in n-airec menman-sa do chinel<sup>4</sup> Eogain maic Neill iarna indrad co hindlightech i cinaith<sup>5</sup> Muiredaigh maic Eogain do guin do, co n-airnecht a<sup>6</sup> inndliged friss, co ruesat a<sup>6</sup> bau<sup>7</sup> agus a eocha agus a seota agus gur airgsed a dun feisín<sup>8</sup> i. Clártha. Ni rolamair iarom Mac Coissi iarmoracht no innsaighidh a cruidh forra ar omon a n-osnuidhe agus a mallachtan, uair ba eomalta agus ba fer bithchotaig<sup>9</sup> doiu he. Conidh edh airec menman arainic in<sup>10</sup> seel feigh forsraithi-si do denam tre<sup>11</sup> glosnaithe fileta, co ro tincaitis he don gniom<sup>12</sup> uairphrech etuailngech dorighensat<sup>13</sup> fris.

2. Luidh-sen<sup>14</sup> fecht n-ann iar suidhiu do chuairt<sup>15</sup> teghlaig co a tiagherna<sup>16</sup> co Donnald mac Muircertaigh maic Neill<sup>17</sup> co righ Temrach. Pai-sen iarom ina tigh lighi for a chionn-sium<sup>18</sup> matan moch ria u-eirghi 7 ferais failti friss. Frissgart iarom Mac Coissi in failti flaitemhda hi-sin. Iarmifoct<sup>19</sup> in righ scéla do-sum iar tairisiem.<sup>20</sup> Isbert som fri sodhain rocuala secla mora, ar batar mebra laisium coimgneda agus sceoil agus senclusa agus gabala Erenn do neoch forcaomnacair dibh o chetghaphail Erenn<sup>21</sup>

<sup>1</sup> Irard R    <sup>2</sup> Coisi R H    <sup>3</sup> arainic R    <sup>4</sup> ceneol R  
 ciniul H    <sup>5</sup> cinaid R    <sup>6</sup> om. RH    <sup>7</sup> bu H    <sup>8</sup> feisne H  
<sup>9</sup> bithcotice H    <sup>10</sup> a R    <sup>11</sup> tria R    <sup>12</sup> gnioph H  
<sup>13</sup> dorighensaid R    <sup>14</sup> sium iarom R    <sup>15</sup> dochum a R  
<sup>16</sup> tigerna R    <sup>17</sup> mac Aodhu add. H    <sup>18</sup> andsom R  
<sup>19</sup> iarmifoacht R iarmifoacht H    <sup>20</sup> tairisium R tairisium H  
<sup>21</sup> do neoch — Erenn om. R

iar ndiliun cusin n-aimsir sin a mbúí feisne. Isbert iarom in ri ara n-innisdh d6 ni dona scelaibh scoitegda<sup>1</sup> sin, ar ropdar mebhra laiss iat. Isbert som frisin ri[g]: 'Dog6a-si',<sup>2</sup> ol se, 'do togha do primsceluiph Erenn ocus eidh be seel dibh dog6a<sup>3</sup> adfiassar-sa duit'. Isbert in righ frissium in tiuphrad<sup>4</sup> a rogha ndo. 'Dober em', ol eisidhe, 'acht<sup>5</sup> fuirim-si<sup>6</sup> dun amanna na<sup>6</sup> secul sin at mebra lat, co feasamar<sup>7</sup> iar siuidhin cid seel dibh dogoafam<sup>8</sup> do faisneis duin.'

3. Conad iarom roairmistair<sup>9</sup> amanna comhghne 7 primsgul<sup>9</sup> nErenn do<sup>all of them</sup> neoch dibh batar mebra<sup>10</sup> nd6 do radh<sup>11</sup>, co n-epert: 'Cid gnathscela Herenn bus maith lat, atfiassar-<sup>12</sup> sa duit .i.<sup>13</sup> Serglighi Conculaind<sup>14</sup>, Tromdam Echach Aireman<sup>15</sup>, Seel Uath Ecaisi, Gabail<sup>16</sup> int Sidhe, Aislingi in Maic Oig, Tain Bo Cuailngni, Cúpar<sup>17</sup> in Da Mucadha, Longus nUlad, Congala<sup>18</sup> Conaid Cernaigh, Cathbuadha Confoi, Caladhgleo Cethirn<sup>19</sup>, Mellgleo Iliach, Fiacalgleo Finntain<sup>20</sup>, Airecar nAradh, Brislech Moighi<sup>21</sup> Murtheimne, Imslighi Glennamnach<sup>22</sup>, in Cath for Gairich ocus Irgairich, Ús<sup>23</sup> in Duit Chuailngne dia thir, Damghal ina Tarbh a Tarbda<sup>24</sup>, Tochustal nUlad, Fer-<sup>25</sup>cutred Medhba, Mesca Ulad, Boithreim Ulad, Forbuiss<sup>26</sup> bFer

<sup>1</sup> scoteadaib R scoteccoib H      <sup>2</sup> toga R dogoso H  
<sup>3</sup> doghu H      <sup>4</sup> ar tibred R in dtiobradh H      <sup>5</sup> acht om. H  
<sup>6</sup> ina H      <sup>7</sup> cu bfeasamar H      <sup>8</sup> togfamait R dogofum H  
<sup>9</sup> ocus primscela RH      <sup>10</sup> mebair R      <sup>11</sup> doradha RH  
<sup>12</sup> attfisar H      <sup>13</sup> Oighid Conculaind add. RH      <sup>14</sup> Serglighi C. om. R  
<sup>15</sup> Airemain H      <sup>16</sup> Congala H      <sup>17</sup> Cetharn H  
<sup>18</sup> Findtai H      <sup>19</sup> Muidhe H      <sup>20</sup> nGleandamhuac H      <sup>21</sup> Aus R Inss H  
<sup>22</sup> a Tarbgaie R om. H      <sup>23</sup> Forfeis H

o riden  
to hell  
3 Eul  
many  
endly  
o gairich  
hosh

d. cognation

= heavy host (let)

mall .x

nothing of ..

<sup>o</sup> *ha cingim = stride*  
 bFalgae, Toicheim ina mBuidhen<sup>1</sup>, Airne Finghin, Seela  
 Alaxandair maie Pilip<sup>2</sup> ac gabail righi ocus imperichta in  
 domain.

4. 'Mad ferr lat, atfiasar-sa duit na tanadha .i. Tain  
 Bo Cuailngne, Tain Bo Fraich<sup>3</sup>, Tain Bo Regamain, Tain  
 Bo Regamne. Mad ferr lat, atfiasar-sa duit na heehtradha  
 .i. Eehtra Brain maie Febail, Echtra Fergussa maie Lete,  
 Eehtra Nero maie Niatain, Echtra Oengusae maie Fergus  
 Finn, Echtra Chonculaind, Echtra Chrimthoinn Niad Nair,  
 Echtra Chuinn <sup>Conn</sup> Chetchathaig, Echtra Airt maie Cuind<sup>4</sup>,  
 Echtra Muirehertaig <sup>5 kmf.</sup> maie hEreo, Echtra Chorbmaic ui  
 Chuinn<sup>5</sup>. Mad ferr lat, atfiasar-sae duit na cuimperto .i.  
 Coimpert Conchobair, Coimpert Conculaind, Coimpert Conaill  
 Chernaig, Coimpert Cheltchair maie Uithechair, Compert  
 Chorbmaic hui Cuind.

5. 'Mad ferr lat<sup>6</sup>, atfiassar-sae deit dono primchatho  
 Herenn .i. Cath Moige Tuired, Cath Cind Fheurot<sup>7</sup>, Cath  
 Moigi hItho<sup>8</sup>, Cath Moigi Mueromae, Cath Cilli Osnaide<sup>9</sup>,  
 Cath Aichli, Cath Duiphehomair, Cath Fremann. Mad  
 ferr lat na toghla do innisin<sup>10</sup> duit .i. Togail <sup>1. Togail</sup> Tract, Togail  
 Dio, Togail in Tuir, Togail Larisa, Togail Eleluaidhi, <sup>= Alhodu</sup>  
 Togail Duin Aengusa, Togail Bruidne Da Derga, Togail  
 Bruidne Da Choga, Togail Bruidne Beleon Breifne, Togail  
 Bruidne Dathi. <sup>= Druud</sup>

*Yof*  
<sup>1</sup> hi Slemain *add. R*    <sup>2</sup> chaich *add. R*    <sup>3</sup> Tain Bo Darti  
 no Tain Bo Dartada *add. R*    Tain Bo Dartada *H*    <sup>4</sup> maie  
 Chuind *om. H*    <sup>5</sup> Echtra Chorbmaic—Chuinn *om. RII*    <sup>6</sup> domo  
*add. RII*    <sup>7</sup> Abrat *R* Feabrat *H*    <sup>8</sup> hItha *R* hIthe *H*  
<sup>9</sup> Osnada *R* hOsnadha *H*    <sup>10</sup> do indis *R* atfiasar sa duit na  
 toghla *H*

*Al. Bruiden  
 Green = Yof*

